An Roinn Oideachais agus Scileanna

# Neamhspleáchas Scoile a chur chun cinn i gCóras Scoile na hÉireann

## Doiciméad Comhairliúcháin

**Mí na Nollag 2015**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

© 2015 Roinn Oideachais agus Scileanna

## Clár Ábhair


**1. Réamhrá** **3**

1.1 Cuspóir an pháipéir seo

1.2 Cad é atá i gceist againn le 'neamhspleáchas scoile'?

1.3 Cén fáth ar chóir dúinn cur le neamhspleáchas scoileanna?

1.4 Cuntasacht a fhorbairt

1.5 An timpeallacht cheart a chothú

1.6 Comhthéacs na roghanna a mholtar le haghaidh plé

**2. Cad é an chuma a bheadh ar neamhspleáchas scoile iomlán?** **15**

2.1 An scoil atá go hiomlán neamhspleách

2.2 Buntáistí le neamhspleáchas iomlán

2.2 Rioscaí gaolmhara

**3. Cad é an chuma a bheadh ar a thuilleadh neamhspleáchas scoile in Éirinn ?** **20**

3.1 Rialú, bainistiú agus éiteas scoile

3.2 Curaclam, oideolaíocht agus measúnú

3.3 Buiséid agus cistiú

3.4 Cad é a bheadh de dhíth orainn le bheith cinnte go n-oibríonn neamhspleáchas?

3.5 Achoimre: Roghanna do Neamhspleáchas Scoile: gníomhartha, tacaíochtaí agus bearta cuntasachta

**4. Na chéad chéimeanna eile: Cuireadh duit do thuairimí a nochtadh** **32**

# Neamhspleáchas Scoile a chur chun cinn i gCóras Scoile na hÉireann

## 1. Réamhrá

### 1.1 Cuspóir an pháipéir seo

Scríobhadh an Páipéar Comhairliúcháin seo le tuairimí, barúlacha agus moltaí a iarraidh ar an tsaincheist chur chun cinn neamhspleáchas bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna státmhaoinithe in Éirinn. Sa pháipéar pléifear roinnt roghanna a mhéadódh an neamhspleáchas sin agus an chaoi a gcaithfí meicníochtaí cuntasaíochta a fhorbairt nó a mhúnlú de réir mar a tharlaíonn an t-athrú sin. Tá na roghanna sin bunaithe ar athbhreithniú mionsonraithe ar an taighde ar neamhspleáchas scoile agus ar a indéanta atá réimse de roghanna féideartha chun neamhspleáchas scoile a chur chun cinn. Tá an t-athbhreithniú ar an taighde leagtha amach in *Neamhspleáchas Scoile i gCóras Scoile na hÉireann a Chur chun Cinn – Páipéar Taighde agus Plé*, a d'fhoilsigh An Roinn Oideachais agus Scileanna i nDeireadh Fómhair 2015, doiciméad tionlacain tábhachtach don pháipéar comhairliúcháin seo.

Tá an plé ar neamhspleáchas scoile ag tarlú mar gheall ar na moltaí i gClár an Rialtais 2011-2016 athruithe a dhéanamh maidir le neamhspleáchas scoile i ngnéithe de sholáthar foirne, buiséad, curaclam, rialú agus éiteas. Mar shampla, faoin gclár meastar:

- Go mbeidh níos mó neamhspleáchais ag scoileanna "lena riachtanais soláthar foirne a shocrú"
- Go mbeidh níos mó saoirse ag príomhoidí agus boird lena bhfoireann a leithdháileadh agus a bhainistiú agus le freagrachtaí bainistíochta a tharmligean chuig múinteoirí
- Beidh níos mó cumhachta ag tuismitheoirí agus pobail áitiúla maidir le pátrúnacht scoileanna
- Déanfar dílárú píolótach ar bhuiséad caipitil bliantúil do scoileanna
- Beidh níos mó smachta ag pobail áitiúla ar infreastruchtúr oideachais
- Leasófar curaclaim le gnóthachtáil sa litearthacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a fheabhsú agus le níos mó nuálaíochta agus foghlaim neamhspleách a spreagadh (Clár an Rialtais 2011-2016, lgh. 1, 3, 9-13).

Nuair a thugtar níos mó cinnteoireachta do scoileanna agus do phobail áitiúla ina gcuid oibre, mar a mheastar i gClár an Rialtais, cuireann trí phríomhaidhm taca faoi: níos mó rannpháirtíocht dhaonlathach i scoileanna, éifeachtúlacht an chórais scolaíochta a fheabhsú, agus caighdeán an oideachais a fhaigheann daltaí a fheabhsú. I gcás an tríú haidhm – caighdeán an oideachais a fhaigheann daltaí a fheabhsú – tá sé bunúsach do phleananna an Chláir chun neamhspleáchas scoile a chur chun cinn. Tugann taithí idirnáisiúnta le fios má dhéantar athruithe ar neamhspleáchas scoile go gcabhródh sin le forbairt scoile agus torthaí níos fearr do dhaltaí nuair a mheastar na hathruithe sin go cúramach, bunaithe ar aidhmeanna atá comhaontaithe agus nuair atá struchtúir chuí tacaíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint do phobail scoile agus próisis dhaingne cuntasachta.

Tríd an *Páipéar Comhairliúchán* seo agus an *Páipéar Taighde agus Plé* atá leis a fhoilsiú, tá an Roinn ag cur tús le plé fud an chórais ar raon saincheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas scoile a chuirtear i láthair anseo mar shraith ceisteanna. Ní iarrtar sna ceisteanna seo cé acu ba chóir nó nár chóir dúinn neamhspleáchas scoile a chur chun cinn; déantar talamh slán de gur chóir, bunaithe ar an taighde a rinneamar agus ar na gealltanais a tugadh i gClár an Rialtais cheana. Ina áit sin, tá an fócas ar na gnéithe de shaol na scoile ar chóir neamhspleáchas a chur isteach iontu; ar an méid neamhspleáchais is cuí; ar an rud a chaithfimid a dhéanamh leis sin a bhaint amach; agus ar an gcuntasacht atá ag teastáil.

Agus sraith roghanna á cur chun tosaigh againn, ba chóir a mheas agus rudaí is féidir a dhéanamh chun neamhspleáchas scoile a chur chun cinn sa pháipéar seo, tá na rudaí a leanas curtha san áireamh againn:

- An comhthéacs oideachais agus cultúir atá i gcóras scolaíochta na hÉireann faoi láthair
- A inmhianaithe atá sé go mbainfear amach na tionchair atá beartaithe a bheith ann mar thoradh ar níos mó neamhspleáchais
- Na buntáistí agus na míbhuntáistí atá le réimse roghanna chun neamhspleáchas scoile a chur chun cinn
- Athruithe ar mheicníochtaí cuntasachta a d'fhéadfadh a bheith de dhíth de réir mar a mhéadaíonn neamhspleáchas scoile.

## 1.2 Cad é atá i gceist againn le 'Neamhspleáchas Scoile'?

Le neamhspleáchas scoile scaoiltear scoileanna saor ó smacht láraithe maorlathach nó, i mbeagán focal, díláraítear cinnteoireacht chuig scoileanna. De ghnáth is éard a tharlaíonn nuair a chuirtear le neamhspleáchas scoileanna go dtugtar níos mó cinnteoireachta do scoileanna. Féadann sé cur ar chumas scoileanna a gcinntí féin a dhéanamh faoi ghnéithe dá n-oibríocht agus dá gcuid oibre. Is féidir go bhfágfadh sé go mbeadh ag tuismitheoirí, pátrúin, pobail, nó na daoine sin uile i gcomhar, níos mó ionchuir i bhfeidhmiú agus in obair na scoileanna.

Tá éagsúlacht mhór sa chumhacht cinnteoireachta a chineachtar chuig scoileanna. Fuarthas amach sa taighde s'againn go mbíonn a bheagán nó a mhórán neamhspleáchais ag scoileanna maidir leis na gnéithe éagsúla ina gcuid oibre agus ina bhfeidhmiú. De ghnáth is féidir na gnéithe sin a chur sna catagóirí a leanas:

- Rialú, bainistiú agus éiteas
- Curaclam, oideolaíocht agus measúnú
- Buiséad agus cistiú

B'fhéidir nach ionann an leibhéal neamhspleáchais sna gnéithe éagsúla agus mar sin b'fhéidir go bhfuil údarás ag scoileanna cuid de na cinntí nó na cinntí uile a dhéanamh taobh istigh de gach gné faoi seach gan tagairt d'údarás lárnach mar an Roinn Oideachais agus Scileanna. Le gur fusa plé agus comhairle faoi neamhspleáchas a chur chun cinn i scoileanna na hÉireann,

táimid ag taispeáint na roghanna ina n-iarrtar tuairimí faoi na gnéithe seo sna ranna a leanann sa pháipéar seo.

Is ceart a rá gur fearr a dhearctar ar neamhspleáchas mar chontanam maidir leis an méid a chineachtar chuig an scoil an chumhacht/ an t-údarás le cinntí a dhéanamh. Ar thaobh amháin, is féidir le neamhspleáchas a bheith forleathan. Mar shampla, is féidir údarás iomlán a thabhairt chun cinntí a dhéanamh i ngach gné den obair s'acu, lena n-áirítear pearsanra, múinteoirí san áireamh, a thabhairt ar bord agus a scaoileadh chun bealaigh; a shocrú cad é ba chóir a theagasc agus na daltaí a dteagasctar dóibh; freagracht as múinteoirí agus cleachtais oideolaíocha a mheasúnú; smacht ar an mbuiséad iomlán agus saoirse lena shocrú cad é mar a chaithfear airgead. Ar an taobh eile den chontanam, b'fhéidir go bhfuil scoileanna ann nach bhfuil ach beagán údarás cinnteoireachta acu, agus an rialtas láir ag socrú chóir a bheith iomlán obair na scoile. Idir an dá thaobh sin, bíonn a bheagán nó a mhórán saoirse ag scoileanna le cinntí a dhéanamh faoi bheagán nó mórán de ghnéithe a gcuid oibre agus a bhfeidhmithe. Faoi láthair meastar scoileanna na hÉireann a bheith idir an dá thaobh, agus cuid mhór neamhspleáchais acu faoi mhórán gnéithe dá gcuid oibre.

I dtíortha eile, ní bhíonn neamhspleáchas i scoileanna in am ar bith 'iomlán' ach bíonn teorainn leis laistigh de shraith ionchais shoiléire maidir le gníomhartha agus torthaí. De ghnáth leagtar iad sin amach i bpolasaí rialtais agus tá scoileanna cuntasach astu. De réir taighde, má bhíonn méadú ar neamhspleáchas scoile go gcaithfear sin a chothromú le tuilleadh beartais cuntasaíochta: cé go mb'fhéidir go dtabharfaí tuilleadh saoirse do scoileanna ar ghnéithe dá gcuid oibre, caithfear meicníochtaí éifeachtacha cuntasachta a chur leo.

Tá a fhios againn ó thaithí tíortha eile gur fearr a mhúnlaítear agus a ghnóthaítear neamhspleáchas scoile nuair a shuíonn sé isteach go cuí sa pholasaí náisiúnta agus sa chomhthéacs sóisialta i gcoitinne ina bhforbraítear é. I mbeagán focal, tá sé tábhachtach go bhfuil an mhórchuid ar comhintinn faoina chuspóirí; go n-úsáidtear próiseas céimnithe cur i bhfeidhm a chothaíonn acmhainn córais; agus go bhfuil córais dhaingne cuntasaíochta ann chun a chinntiú nach mbaintear mí-úsáid as neamhspleáchas.

## 1.3 Cén fáth ar chóir dúinn cur le neamhspleáchas scoile?

Is céad chéim thábhachtach é sraith cuspóirí comhaontaithe a aithint, nó 'cén fáth?' ar chóir cur le neamhspleáchas scoile sula bpléimid 'cad' iad na cumhachtaí ba chóir a chineachadh chuig scoileanna. Ó thaithí scoileanna eile is eol dúinn go bhfuil éifeacht thábhachtach ar thorthaí ag dearadh agus cur i bhfeidhm neamhspleáchas scoile. Ag brath ar na cuspóirí a leagtar amach do neamhspleáchas scoile, d'fhéadfadh gur buntáiste é cinnteoireacht áitiúil chineachta ar roinnt gnéithe d'obair na scoile, agus i gcásanna eile b'fhéidir gurbh fhearr cur chun cinn níos lárnaí. Ar an ábhar sin, is príomh-intinn den phróiseas comhairliúcháin seo spriocanna inmhianaithe a leagan amach chun neamhspleáchas scoile a chur chun cinn.

Ní hionann na haidhmeanna atá le méadú ar neamhspleáchas scoile. B'fhéidir gurbh é an aidhm daonlathas scoile agus daonlathas áitiúil a bhaint amach, feidhmiú eagraíochtaí stáit a dhílárú agus a fheabhsú agus caighdeán an oideachais a fheabhsú. Tá tábhacht i bhfad níos mó anois leis an tríú haidhm bearta leasaithe scoile go hidirnáisiúnta agus meastar anois go bhfuil neamhspleáchas scoile den chuid is mó ina uirlis a d'úsáidfí le caighdeán an oideachais a fheabhsú (Eurydice, 2007). Tá an tuairim sin bunaithe ar an dearcadh:

- Gur fearr a fheidhmeoidh scoileanna má tá siad neamhspleách agus cuntasach
- Gurb iad na daoine is gaire don scoil a thuigeann conas is fearr freastal ar na daltaí
- Go bhfeabhsóidh scoileanna atá i gcruachás má tá siad solúbtha go leor chun athruithe a dhéanamh ar a gcuid múinteoirí nó ar a bhfoireann.

Snáithe an-láidir atá síos tríd an taighde scríofa gurb é is cuspóir le tuilleadh neamhspleáchais go mbeidh torthaí níos fearr ag daltaí. Maidir le caighdeán na foghlama a sholáthraíonn scoileanna, tá tionchar air ag réimse tosca, mar shampla, caighdeán an teagaisc, ceannaireacht scoile agus curaclam. Má tá údarás cinnteoireachta ann maidir le cad é ba chóir a theagasc do dhaltaí, cé a dhéanfaidh é agus cén dóigh, mar shampla, b'fhusa cur chuige oiriúnaithe i dtaca le dearadh agus seachadadh curaclaim i scoil. D'fhágfadh sin gurbh fhéidir an t-oideachas a sholáthraítear a oiriúnú do riachtanais dhaltaí na scoile seachas cur chuige ina bhfeileann rud amháin do chách. Dá bhrí sin, más fíor don argóint, is mó an seans go n-éireoidh le daltaí i gcás dá leithéid.

Os a choinne sin, ní leanúnach atá an fhianaise gurb é an toradh atá le tuilleadh neamhspleáchas scoile gur fearr an ghnóthachtáil a bhíonn ag daltaí. Níl na foinsí scríofa ar aon intinn agus níl sé soiléir go bhfuil tuilleadh neamhspleáchas scoile ina chúis le feabhas teacht ar thorthaí foghlaimeora. Is féidir le roinnt tosca tionchar a imirt ar fhoghlaim daltaí. Orthu sin tá:

- Scileanna ceannaireachta teagascach an phríomhoide
- cáilíochtaí agus cleachtas múinteoirí
- a mhéad a bhíonn múinteoirí páirteach i bhforbairt ghairmiúil leanúnach
- leibhéal rannpháirtíochta agus ionchais na dtuismitheoirí
- na meicníochtaí cuntasachta atá i bhfeidhm (amhail na meicníochtaí le tuairisciú chuig tuismitheoirí agus foilsiú faisnéise ar éifeachtúlacht na scoile).

Is féidir a mhaíomh gur mó i bhfad an tionchar atá ag na tosca sin ná atá ag neamhspleáchas. Sna foinsí scríofa tá taighde freisin ó mhórán oideachasóirí iomráiteacha nach nglacann le caidreamh cúis agus éifeacht idir feabhsú dalta/scoile agus tuilleadh neamhspleáchas scoile, á rá nach féidir dlúthcheangal a dhéanamh idir an dá rud ó tharla gur beag tionscnamh féinbhainistithe atá nasctha go córasach leis an rud a tharlaíonn i seomraí ranga. Taispeánann sin má shocraítear ar neamhspleáchas a chur chun cinn i scoileanna go gcruthófar leis na tacaíochtaí agus an spreagadh ceart do scoileanna chun fócas láidir a choinneáil ar chleachtas ranga. I gcás scoileanna a raibh tuilleadh neamhspleáchais acu agus dá réir sin ar éirigh leo tionchar a imirt ar ghnóthachtáil daltaí thug taighdeoirí faoi deara go raibh a lán rannphháirtíocht tuismitheoiri iontu; go raibh tacaíocht fhorleathan don duine aonair sa scoil le cabhrú leis na hathruithe ar neamhspleáchas; agus go raibh cineálacha cur chuige acu atá

dírithe ar an dalta aonair. Is iondúil go mbíonn na scoileanna sin suite taobh istigh de chomhthéacs córas sóisialta agus timpeallacht a thacaíonn le leibhéil arda cothromas sóisialta.

Is deacair a thuar cad iad na héifeachtaí a bheidh ar thorthaí daltaí má thugtar tuilleadh neamhspleáchais do scoileanna. Tá na himpleachtaí a bhaineann le tuilleadh neamhspleáchas scoile casta mar go bhfuil mórán tosca a bhíonn i gceist chun tionchar a imirt ar ghnóthachtáil daltaí. Cé go bhfuil cumhacht áititheach leis na hargóintí fealsúnachta agus idé-eolaíocha, níl na heispéiris fhianaisebhunaithe chomh háititheach céanna agus fágann sin gur chóir athruithe ar neamhspleáchas scoile a phleanáil agus a sholáthar go han-chúramach.

Tá réimse cuspóirí a d'fhéadfadh tuilleadh neamhspleáchais a bhaint amach. Mar shampla, ag brath ar an dóigh a bhfuil sé leagtha amach, tá ar a chumas athrú ó bhonn a dhéanamh ar an dóigh a bpléann tuismitheoirí agus an pobal áitiúil lena scoileanna. Sna foinsí scríofa, nasctar níos mó neamhspleáchas scoile le bogadh i dtreo níos mó rannpháirtíocht dhaonlathach san oideachas, lena n-áirítear a inmhianaithe atá sé an pobal áitiúil agus tuismitheoirí a bheith páirteach i reáchtáil na scoileanna. De bharr mórán de na leasuithe ar neamhspleáchas scoileanna go hidirnáisiúnta tá daingniú ar rannpháirtíocht tuismitheoirí i scoileanna, go háirithe mar rannpháirtithe i gcinnteoireacht. Mar shampla, imríonn comhairlí daingnithe tuismitheoirí ról athbhreithnithe i roinnt tíortha agus/ nó tugann siad comhairle d'údaráis bainistíocht scoile.

## 1.4 Cuntasacht a fhorbairt

Taispeántar sa taighde chun bheith éifeachtach, go gcaithfear neamhspleáchas níos mó do scoileanna a chothromú le bearta cuntasachta. Agus muid ag meas conas is fearr neamhspleáchas scoile a chur chun cinn i gcóras scoile na hÉireann, ní mór dúinn na heilimintí riachtanacha ina chreat cuntasachta a shainaithint agus leagan amach conas is féidir iad a bhaint amach.

Lena chinntiú go bhfuil neamhspleáchas scoile éifeachtach chun spriocanna beartaithe a ghnóthú, ba chóir cinntí a dhéantar ag leibhéal scoile a cheapadh taobh istigh de pholasaí náisiúnta. Is féidir polasaí a leagan amach laistigh de reachtaíocht nó rialacháin agus a léiriú mar shraith prionsabal a bheidh mar bhonn do chinnteoireacht nó treoracha níos sonraí a chuireann srian nó teorainn ar raon feidhme na cinnteoireachta. Sa taighde s'againn léirítear d'fhonn go mbeidh níos mó neamhspleáchas scoile éifeachtach go gcaithfear é a thionlacan le creat reachtach nó rialála a shainmhíníonn sraith coinníollacha is gá don scoil a chomhlíonadh. Ina measc d'fhéadfadh caighdeáin cháilíochta, cáilíochtaí múinteoirí bheith ann; agus comhlíonadh na riachtanas curaclam a leagtar síos, mar shampla. Príomheilimint i bpolasaithe náisiúnta i dtíortha ina bhfuil cuid mhór neamhspleáchais ag scoileanna is ea ceanglas cuntasachta, arb é a chuspóir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí agus feidhmiú foireann teagaisc agus eolas a fhoilsiú faoi ghóthachtálacha scoile.

D'fhonn go mbeidh tuilleadh neamhspleáchais éifeachtach, ba chóir é a chur laistigh de chreat soiléir cuntasachta, atá ag teacht le gach cuspóir agus sprioc a bhfuiltear ag díriú tuilleadh

neamhspleáchais air le bearta feidhmithe atá ábhartha. Mar shampla, má táthar ag dúil gurb é a bheidh ann mar gheall ar thuilleadh neamhspleáchais ná torthaí níos fearr a bheith ag daltaí, ba chóir sa chreat cuntasachta go mbeadh na torthaí oideachais a gnóthaíodh agus infheistiú/ rannpháirtíocht múinteoirí agus ceannairí scoile i ngníomhaíochtaí fhorbairt ghairmiúil chun torthaí oideachais sa todhchaí a fheabhsú. Is gá mar chuid den chreat cuntasachta go mbeidh próiseas chun feidhmiúchán a bhainistiú agus a athbhreithniú le haghaidh cinnteoirí amhail an príomhoide, d'fhonn na daoine a gcinneachtar cinnteoireacht dóibh go gcoimeádfar cuntasach iad as tionchar a gcinntí. An tríú heilimint i gcreat éifeachtach cuntasachta b'fhéidir go mbainfeadh sé leis an dóigh a ndéanann scoileanna tuairisc phoiblí le tuismitheoirí agus leis an phobal i gcoitinne ar conas atá ag éirí leo.

Mar aon lena mholtaí chun athrú a dhéanamh ar fhreagrachtaí áirithe cinnteoireachta a bhaineann le scoileanna, leagann Clár an Rialtais amach roinnt moltaí ábhartha chun cuntasacht a fhorbairt:

- I dtaca leis an mhéadú ar neamhspleáchas scoileanna a mholtar maidir le soláthar foirne, beidh sé 'laistigh de dhianbhuiséid agus de chórais nua cuntasachta'
- Beidh ar scoileanna pleananna forbartha cúig bliana a cheapadh
- Beidh rochtain ag tuismitheoirí ar níos mó eolais le linn dóibh bheith ag roghnú scoile dá gcuid páistí
- Tabharfar isteach 'córas nua feinmheasúnaithe' a éilíonn ar scoileanna a bhfeidhmiú a mheasúnú bliain i ndiaidh bliana
- Foilseoidh scoileanna tuarascálacha bliantúla.

## 1.5 An timpeallacht cheart a chothú

Léirítear i dtaithí tíortha eile nach n-oibreoidh níos mó neamhspleáchas scoile ach má tá scoileanna in ann an neamhspleáchas a bhainistiú agus a úsáid. Má táthar le neamhspleáchas scoile a chur chun cinn i scoileanna na hÉireann, ní mór dúinn smaoineamh ar conas is fearr cur le cumas páirtithe leasmhara oideachais ag leibhéal an phobail chun a chinntiú nach dteipfidh ar thionscnaimh neamhspleáchais. Ní mór dúinn freisin plean cur i bhfeidhm a fhorbairt a chuireann san áireamh na hacmhainní is féidir linn a chur ar fáil go réalaíoch.

Insítear dúinn i dtaithí córais eile scoile go gcaithfear athruithe ar neamhspleáchas scoile a phleanáil agus a sholáthar go cúramach. Ní mór cumhacht cinnteoireachta a chineachadh chuig scoileanna i gcásanna inar léir go bhfuil toil agus an cumas áitiúil ann leis an fhreagracht a bhainistiú agus an áit a bhfuil na hacmhainní riachtanacha ar fáil le tacú lena chur i bhfeidhm.

Tá mórán tionscnaimh neamhspleáchas scoile nár éirigh leo mar gheall ar easpa cumas ceannaireachta leis an neamhspleáchas a bhainistiú, ag leibhéal pobail agus leibhéal scoile. Mar shampla, tá ECFE á mhaíomh gurb é an easpa cumais an neamhspleáchas a bhainistiú ag leibhéal scoile an fáth is mó gur theip glan ar ghluaiseacht ar feadh deich mbliana i dtreo neamhspleáchas scoile sa tSualainn agus an meath a tharla dá bharr i ngnóthachtáil daltaí sa

tír sin. Faoi láthair, is oibrithe deonacha atá ar bhoird bhainistíochta i scoileanna na hÉireann. De réir mar a chuirtear neamhspleáchas scoile chun cinn, fásfaidh an brú atá ar na boird sin agus beidh sé riachtanach gnéithe de dhualgais bainistíochta a ghairmiúlú leis na riachtanais cuntasachta a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, táthar ar aon intinn sna foinsí scríofa gurb é an toradh a bhíonn ar athrú ar neamhspleáchas go mbíonn timpeallacht atá i bhfad níos casta agus níos dúshlánaí ag príomhoidí le láimhseáil, rud a chuireann go mór leis an ualach oibre agus an méid freagrachta a bhaineann leis an ról. Is fiú triail a bhaint as tuilleadh neamhspleáchais ag príomhoidí scoile, mar sin féin. Léirítear i dtaighde nach bhfuil mórán scóip ag ceannairí scoile tionchar a bheith acu ar thorthaí scoile nuair atá srian ar fhreagrachtaí cinnteoireachta maidir le cúrsaí curaclaim.

Is dúshlán é freisin a chumasaí agus a thoilteanaí atá tuismitheoirí ról níos mó a ghlacadh i mbainistiú scoileanna. D'fhonn go n-oibreoidh neamhspleáchas maidir le hoideachas ar chaighdeán níos fearr a sholáthar agus freagairt níos mó do riachtanas áitiúil, ní mór do scoileanna plé le tuismitheoirí. I mórán tíortha, is iondúil nach mbíonn ról gníomhach ag tuismitheoirí i bhfeidhmiú na scoileanna. Tá rannpháirtíocht ag brath ar leibhéal socheacnamaíoch chomharsanacht na scoile nó, i roinnt córas, is fíor go mbíonn muinín ag tuismitheoirí as scoileanna agus ceapann siad gur beag is gá bheith páirteach iontu. Mar sin féin, nuair a bhíonn páirt ghníomhach ag tuismitheoirí i scoileanna agus an t-údarás acu tionchar a bheith acu ar sholáthar oideachais, údarás a bheadh ag dul le neamhspleáchas, léirítear sa taighde gur mó an seans go mbeidh torthaí níos fearr ag páistí dá thoradh.

An áit a n-éiríonn le neamhspleáchas le torthaí a fheabhsú do dhaltaí, tacaíonn obair múinteoirí ardcháilithe leis atá in ann curaclam a dhearadh agus fiúntas a mheasúnú. Le húdarás chun cinntí a dhéanamh faoi churaclam, faoi chineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama agus faoi chleachtais measúnaithe is mó an scóip a bhíonn sa teagasc féin. Bíonn níos mó ama agus fuinnimh de dhíth orthu mar gheall air agus ní féidir glacadh leis go mbeidh na scileanna ag gach múinteoir nó go dtuigfidh siad go dtitfidh freagrachtaí breise orthu. Is gá go ndéanfar infheistiú i gclár ina bhfuil grinnfhorbairt ghairmiúil dhian do mhúinteoir chun go mbeidh múinteoirí in ann an t-údarás cinnteoireachta is féidir teacht le tuilleadh neamhspleáchais a úsáid le leas na ndaltaí.

Maítear i dtaithí idirnáisiúnta gurbh fhearr a d'éirigh le hathruithe ar neamhspleáchas scoile i gcuideachta ardleibhéil tacaíocht oiriúnaitheach laistigh de scoil don duine aonair ó thraenálaithe a bhfuil saineolas ábhartha acu agus san áit ar fhorbair pobail cleachtais chun tacú le príomhoidí agus múinteoir nuálaíocht, cruthaitheacht agus ardchaighdeáin oideachais a chur chun cinn.

Léirítear in SAM agus san RA gur fíorthábhachtach acmhainní a bheith ar fáil chun cabhair a thabhairt timpeallacht dhearfach a chruthú le haghaidh neamhspleáchas scoile. Is gá an costas mór a mheas maidir le neamhspleáchas scoile a chur chun cinn. Áirítear leis sin costais foirne, ag leibhéal an rialtais láir agus ag leibhéal na scoile, chun a chinntiú go bhfuil socrúcháin chuí riaracháin i bhfeidhm, agus an costas ar oiliúint bhreise do bhainisteoirí scoile agus múinteoirí. Léirítear freisin sa taighde maidir le acmhainní breise i scoileanna tri dheontais níos airde; múinteoirí breise; pearsanra tacaíochta, etc. nach bhfuil sin éifeachtach

chun tacú le tuilleadh neamhspleáchais nuair atá cumas gairmiúil easnamhach ag leibhéal bainistíocht scoile.

B'fhéidir gur mó ná maoiniú breise a bheadh impleachtaí a bhaineann le hacmhainní. B'fhéidir go mbeadh costais deiseanna ann freisin, nuair is gá acmhainní atá ann faoi láthair a atreorú leis an chostas a mhaoiniú atá le neamhspleáchas scoile a chur chun cinn. B'fhéidir go gciallódh sin nach féidir dul chun cinn a dhéanamh i dtionscnaimh eile. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na himpleachtaí d'acmhainní i gcomhthéacs na dtionscnamh agus na dtosaíochtaí atá san iomaíocht le chéile.

## 1.6 Comhthéacs na roghanna a mholtar le haghaidh plé

San obair atá ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Lárionad do Cheannaireacht Scoile tá an comhthéacs ina bhféadfaí an réimse deiseanna forbartha do neamhspleáchas scoile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

I scoileanna na hÉireann tá eagraíochtaí atá difriúil óna chéile i dtaca le méid agus socruithe rialaithe. Tá a bheagán nó a mhórán difir idir róil na gcaomhnóirí, na bpátrún, na n-úinéirí, na mbord bainistíochta agus na bpríomhoidí maidir le cinnteoireacht sna hearnálacha uile agus tá leibhéil éagsúla neamhspleáchais i ngnéithe éagsúla.

Sa chreat reachtach atá ann cheana féin tugtar cuid mhór neamhspleáchais ar scoileanna i réimse feidhmeanna. Is fíor, áfach, cé go bhfaigheann bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna in Éirinn maoiniú ón Stát, go bhfuil na rudaí seo acu:

- leibhéal ard neamhspleáchais maidir le hoideolaíocht, (laistigh de theorainneacha na dtreoirlínte agus na n-ionchas) agus le baill foirne a cheapadh
- leibhéal measartha neamhspleáchais maidir le bainistiú foirne agus measúnú, mionoibreacha agus oibreacha caipitil idir bheag agus mheasartha, agus
- níos lú neamhspleáchais maidir leis an ábhar sa churaclam agus mórchaiteachas caipitil.

Cuimhnítear freisin gur cuireadh tús le hobair shuntasach nó tá sí ar siúl cheana, rud a chabhróidh leis na tacaíochtaí struchtúrtha a sholáthar atá de dhíth le neamhspleáchas scoileanna a mhéadú:

***Ceannaireacht scoile:*** Le tamall, is beag infheistiú a rinne an Stát i bhforbairt chórasach ar scileanna gairmiúla ceannairí scoile in Éirinn, agus tá tionchar ag an bhearna sin ar chumas ceannairí scoile tabhairt faoi shraith níos leithne de thascanna agus de róil ceannaireachta. Tá srian ar chumas iomlán ceannairí scoile freisin mar gur fhág níos mó ceannairí scoile a raibh taithí acu an ghairm le blianta beaga anuas, rud nár ghnách, ba é cuid den chúis a bhí leis sin go raibh dreasachtaí ann do fhostaithe sa tseirbhís phoiblí chun go rachadh siad ar scor níos luaithe ná is gnách le linn na géarchéime geilleagraí.

Mar sin féin, tá comharthaí dóchais ann go gcuirfear feabhas ar oideachas gairimiúil príomhoidí sa mheántéarma. In 2015, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go mbunófaí lárionad náisiúnta do cheannaireacht scoile chun forbairt phroifisiúnta a sholáthar agus tacaíocht do mhúinteoirí i róil cheannaireachta. Lena chois sin, tá próiseas tairisceana fógartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le teacht ar sholáthróirí oiriúnacha tríú leibhéal do chláir ceannaireachta do cheannairí scoile nó ábhair ceannairí scoile. Le himeacht ama, fágfaidh na tionscnaimh sin uile gur féidir cumas mhúinteoirí scoile na hÉireann a fhorbairt le tabhairt faoi dhúshláin riaracháin agus oideachais ceannaireacht scoile, agus b'fhéidir go gcumasódh siad iad chun glacadh leis na saoirsí, na róil agus na freagrachtaí nua a bheadh ag dul le níos mó neamhspleáchas scoile.

Chomh maith leis sin, cé gur coinníodh formhór na bpost meánbhainistíochta atá ar fáil sna scoileanna, (cé nach ionann a líon i ngach cuid den chóras), tháinig laghdú ar mhéid na bhfoirne meánbhainistíochta ag an dá leibhéal. Tá an scéal amhlaidh de bhrí nuair a chuaigh múinteoirí i bpoist níos airde (amhail príomhoide cúnta agus poist múinteora le dualgais speisialta) ar scor, de ghnáth níor líonadh na folúntais a bhí ann mar gheall ar an moratóir sna seirbhísí poiblí. Cé go bhfuil beagán feabhais ar an scéal maidir le ceapadh príomhoidí cúnta sna scoileanna is mó, agus fágann cinntí a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2015 mar chuid de Cháinfhaisnéis 2016 go mbeidh acmhainní ar leith ann chun leas-phríomhoidí lánaimseartha nó páirtaimseartha a cheapadh i scoileanna dara leibhéal, beidh foirne meánbhainistíochta a bhfuil laghdú suntasach orthu go fóill i mórán scoileanna ag an dá leibhéal.

***Rannpháirtíocht Tuismitheoirí:*** Mar gheall ar roinnt gníomhartha atá ar siúl le rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur cinn i scoileanna tá seans go gcothófar níos mó neamhspleáchas scoile. Tá focal nach beag ag tuismitheoirí i bpátrúnacht scoil nua a shocrú. Nuair a bhítear ag plé scoil nua státmhaoinithe, meastar rogha tuismitheoirí maidir le pátrúnacht. Tá tuairimí tuismitheoirí lárnach i gcinntí faoi athruithe ar phátrúnacht agus éiteas scoileanna atá ann faoi láthair. Caithfear dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus a dtuairimí a mheas sular féidir athrú ar bith a dhéanamh ar phátrúnacht scoile.

Tá tús curtha ar obair le feabhas a chur ar an dóigh a mbíonn scoileanna ag déanamh cumarsáide agus ag obair le tuismitheoirí. Tá rún ag an Aire Alt 28 den Acht Oideachais 1998 a leasú le go mbeidh bonn reachtach chun *Cairt Tuismitheora agus Dalta* a fhorbairt agus chun prionsabail a leagan amach lena dtabharfar treoir faoi, i measc nithe eile, conas is féidir an caidreamh áitiúil idir tuismitheoirí agus scoileanna a fhorbairt.

Ó tugadh isteach féinmheastóireacht scoile, tá tús curtha le meicníocht a chur i bhfeidhm a mbeidh ar a chumas a chinntiú go mbeidh focal ag tuismitheoirí in athbhreithniú a dhéanamh ar obair scoileanna agus go bhfaighidh siad eolas níos fearr uathu ar an obair atá an scoil a dhéanamh le foghlaim a neartú agus a fheabhsú sa scoil. Spreag féinmheastóireacht scoileanna freisin chun tuarascáil bhliantúil a sholáthar do thuismitheoirí. Faoin earrach 2015, bhí sé fógartha ag níos mo ná 60% de scoileanna go raibh tuarascálacha den saghas sin curtha ar fáil acu dá mboird bainistíochta cheana, agus i gcás mórán scoileanna bhí siad curtha ar fáil díreach do Chumainn Tuismitheoirí.

***Gairmiúlacht múinteoirí a fheabhsú:*** Tá méadú ar an infheistíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna in oideachas tosaigh agus oideachas leanúna múinteoirí, lena n-áirítear riachtanais iontrála chuig gairm na múinteoireachta a ardú. D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta *Policy Paper on the Continuum of Teacher Education* ó iontráil go dtí cláir thosaigh oideachas múinteoirí; creidiúnú clár den saghas sin; ionduchtú múinteoirí nuacháilithe sa ghairm; agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí ar feadh a saoil oibre. Chomh maith leis sin, tá cóid iompair gairmiúil do mhúinteoirí bunaithe agus foilsithe ag an Chomhairle, ina bhfuil caighdeáin teagaisc, eolais, scile, agus cumais.

Mar gheall ar athruithe ar oideachas múinteoirí a tugadh isteach le déanaí tá fad curtha le cúrsaí tosaigh oideachas múinteoirí agus tá athrú ar ábhar cúrsa chun go mbeidh níos mó béime ar scileanna in oideolaíocht agus measúnú. Tá de chuspóir ag an dá fhorbairt sin cur le cumas múinteoirí cleachtais curaclam agus measúnaithe a oiriúnú chun gur fearr a fheilfidh siad do riachtanais daltaí. Fágfaidh sin gur fearr a bheidh múinteoirí in ann úsáid níos iomláine a bhaint as an neamhspleáchas atá ag scoileanna agus múinteoirí cheana i gcúrsaí curaclaim agus measúnaithe.

***Leasú Curaclaim:*** In 1999 a tugadh isteach an *Curaclam Bunscoile* páistelárnach atá ann faoi láthair. Leag sé amach na réimsí foghlama agus na hábhair a chuirfí ar fáil i mbunscoileanna agus laistigh de gach ráiteas curaclaim, shonraigh sé *cad é* a bheadh le foghlaim ag an pháiste agus *conas* a tharlódh an fhoghlaim sin. Den mhórchuid, d'éirigh go breá leis, cé go raibh cáineadh ann á mhaíomh nuair a bhi sé ag iarraidh a chur in iúl *cad é* agus *conas* a bhí páistí le foghlaim, nár thug sé soiléiriú go leor do mhúinteoirí maidir leis na torthaí foghlama a bhí le gnóthachtáil ag gach céim ag daltaí. Is léir anois freisin gur gá cláir do ranganna naíonáin a leasú ó foilsíodh *Aistear,* an creat curaclaim le haghaidh oideachas luath-óige, a chuir i bhfad níos mó béime ar ról an tsúgartha in oideachas luathbhlianta.

In 2011, d'fhógair *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta* an Rialtais go n-iarrfaí ar an Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta na curaclaim do na teangacha (Béarla agus Gaeilge) agus matamaitic a athbhreithniú de bharr na riachtanas sin a nochtadh. Tá obair ar na hathbhreithnithe sin ar siúl ó 2012, agus cuirfear tús leis na chéad eilimintí atá sna curaclaim leasaithe a thabhairt isteach i scoileanna in 2016/2017.

Fógraíodh forbairtí suntasacha ag leibhéal Sraith Shóisearacha agus le himeacht ama, cuirfidh siad go mór le neamhspleáchas scoileanna iar-bhunscoileanna maidir le curaclam agus measúnú. Lena chois sin, de bharr gur tugadh isteach féinmheastóireacht scoile in 2012 agus go raibh athruithe le déanaí ar oideachas múinteoirí is féidir go mbeidh ar chumas bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus a múinteoirí saothrú níos mó a dhéanamh ar sholúbthacht curaclaim agus oideolaíocht atá ann faoi láthair. San am céanna, laghdaíodh cuid den solúbthacht a bhaineann le gnéithe áirithe de mheasúnú ag leibhéal iar-bhunscoile.

Beidh deiseanna sna curaclaim athbhreithnithe ag leibhéal bunscolaíochta níos mó solúbthachta sa churaclam a sholáthar do scoileanna. Beidh níos mó soiléire iontu faoi thorthaí foghlama a bhfuiltear ag dúil leo ó dhaltaí ach ní bheidh modheolaíochtaí saintreoracha na molta san ráitis sa chroíchuraclam. Ina áit sin, beidh siad ar fáil i ndoiciméid tacaíochta ar líne agus i samplaí de dhea-chleachtas.

Tá sé ráite ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go leagfaidh an tAire síos Curaclam na Bunscoile ar aon dul le halt 30 den Acht Oideachais, 1998. Cinnteoidh sin go mbeidh sé ceart ag gach dalta ar churaclam leathan cothrom, agus tabharfaidh sé solúbthacht do Ghaelscoileanna chun tréimhsí tumoideachais a chur ar siúl i luathbhlianta na scolaíochta. Cuirfidh athbhreithniú an Churaclaim Bunscoile a phléitear thuas leis an phróiseas seo trí na ráitis curaclaim a dhíriú ar thorthaí foghlama agus treoir ar an dóigh ar chóir an curaclam a chur i bhfeidhm a choinneáil do dhoiciméid tacaíochta amháin.

Trí chur i bhfeidhm leasú na Sraithe Sóisearaí tugtar isteach deiseanna nua d'iarbhunscoileanna maidir leis an churaclam féin agus neamhspleáchas measúnaithe. Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, tá solúbthachtaí áirithe tugtha do scoileanna chun gearrchúrsaí agus eispéiris foghlama mhalartacha a cheapadh agus a thairiscint, a chumasaíonn iad le curaclaim a phleanáil a chuireann chun cinn nuálaíocht agus foghlaim neamhspleách. Chomh maith leis sin, sa Chreat don tSraith Shóisearach tá aitheantas foirmiúil do thorthaí measúnaithe scoilbhunaithe.

***Bearta Cuntasachta:*** Cuireadh i bhfeidhm roinnt leasuithe ar na dóigheanna a ndéantar cigireacht ar scoileanna. Cé nár choinnigh acmhainní foirne i gCigireacht na Roinne céim leis an méadú atá ag teacht ar líon na múinteoirí agus na ndaltaí ar a bhfreastalaíonn scoileanna na hÉireann, tá a chur chuige maidir le cigireachtaí leasaithe ag an gCigireacht agus tá clár cigireacht sheachtrach ceaptha aige chun dea-chleachtas oideachais a shainaithint agus a aithint agus chun comhairle shoiléir, phraiticiúil a sholáthar faoin dóigh le caighdeán soláthar oideachais a fheabhsú. Tá sé aitheanta ag an Roinn freisin gur féidir le féinmheastóireacht scoile (FMS) dhian cigireacht sheachtrach a chomhlánú go húsáideach agus chuir an Chigireacht ábhair agus cuairteanna comhairleoireachta ar fáil le tacú lena glacadh ag na scoileanna. Tá tús FMS ina fhorbairt nua thábhachtach ar féidir léi cumas an chórais a fhorbairt chun a bhfeidhmiú féin a iniúchadh trí chreat agus critéir a sholáthar le cabhrú le scoileanna caighdeán an teagaisc agus na foghlama a mheasúnú.

Soláthraíonn Grúpa Feabhsaithe Scoile na Roinne meicníocht le hidirghabháil a dhéanamh nuair atá scoileanna i gcruachás mór. Oibríonn an grúpa le scoileanna nuair a theipeann go mór orthu na caighdeáin cháilíochta a chomhlíonadh agus déanann sé socruithe chun a chinntiú go gcuirtear feabhsuithe struchtúrtha agus cumais ar siúl.

***Buiséad agus Curaclam***: Tá éagsúlacht sa mhéid neamhspleáchais agus smachta atá ag scoileanna maidir lena gcuid airgid de réir na n-eilimintí éagsúla sa mhaoiniú: maoiniú caipitil (talamh agus foirgnimh, tuarastail (múinteoirí agus foireann), agus maoiniú neamhphá. Is fiú cuimhneamh freisin go bhfuil difear idir meicníochtaí maoinithe sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna agus laistigh den earnáil iar-bhunscolaíochta idir na meánscoileanna deonacha, scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha agus coláistí pobail.

Maidir le buiséad caipitil, tá níos mó neamhspleáchais tugtha do scoileanna i dtaca le cistí do mhionoibreacha agus d'oibreacha caipitil idir bheag agus mheasartha. Ar aon dul le polasaí Rialtais, bhí bearta ann le luach níos fearr ar airgead a ghnóthú trí chumas soláthair scoileanna a tharraingt le chéile maidir le háirgiúlachtaí etc. (cé go mb'fhéidir go measfaí go bhfuil na bearta sin ag baint ar shiúl neamhspleáchas scoileanna le roghanna a dhéanamh faoin dóigh lena n-acmhainní airgeadais a chaitheamh). Íoctar réimse deontas le scoileanna lena gcostais

neamhphá a chlúdach o lá go lá. Tá cuid mhór neamhspleáchais ag scoileanna chun na rudaí sin a bhainistiú de réir riachtanas na scoile agus tosca áitiúla.

Mar achoimre, táthar ag pleanáil feabhsúchán nó tá sin ar siúl cheana i roinnt gnéithe den chóras scolaíochta a thabharfadh comhthéacs tacúil chun níos mó neamhspleáchais scoile a thabhairt isteach. Is léir go mbeidh gá le níos mó a infheistiú i roinnt réimsí, lena n-áirítear cumas ceannaireachta scoileanna, measúnú agus meicníochtaí cuntasachta, agus leasú curaclaim, ach b'fhéidir dá thoradh sin go dtarlódh go mbeadh cumas ag scoileanna agus córas na scoileanna níos mó neamhspleáchas scoile a bhainistiú.

# 2 Cad é an chuma a bheadh ar neamhspleáchas iomlán scoil?

Is fear neamhspleáchas a mheas mar chontanam maidir leis an méid a chineachtar chuig an scoil an chumhacht/ an t-údarás le cinntí a dhéanamh. Sa chuid seo den pháipéar tá cur síos ar chás teoiriciúil chun a léiriú cad é an chuma a bheadh ar scoil ag fíordheireadh an chontanaim; i mbeagán focal scoil iomlán neamhspleách. Le linn dúinn a bheith ag gabháil dó, táimid ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí atá le neamhspleáchas scoile a chur chun cinn. Tugann an t-iniúchadh deis dúinn na míbhuntáistí a aithint a d'fhéadfadh a bheith ann le níos mó neamhspleáchas scoile.

Trí chur síos a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar scoil ar an bpointe is faide i speictream an neamhspleáchais, agus trí na buntáistí agus na míbhuntáisti bainteacha a leagan amach i, táimid ag dúil go spreagfar plé ar na gnéithe agus ar an méid neamhspleáchais atáimid ag iarraidh a chur chun cinn i gcóras scolaíochta na hÉireann.

## 2.1 An scoil atá go hiomlán neamhspleách

Tugann scoileanna cairte sna Stáit Aontaithe agus san Astráil agus acadaimh san RA gormchló don scoil iomlán neamhspleách. Is é an rud atá i gceist againn le 'iomlán neamhspleách' scoil a bhfuil iomlán cumhachta aici i gcinnteoireacht maidir leis na rudaí a leanas:

***Rialú Scoile:*** Tá an scoil neamhspleách agus féinrialaithe nó b'fhéidir gur scoil í mar roinnt scoileanna atá faoi riail comhlacht idirghabhálach (amhail Bord Oideachais agus Oiliúna nó comhlacht pátrúin).

Má tá an scoil neamhspleách, tá freagracht iomlán aici dá bainistíocht féin. Tá bord rialaithe nó bainistíochta aici a bhfuil an t-údarás aige cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas, teagasc agus acmhainní eile, bainistíocht, rannpháirtíocht tuismitheoirí sa phróiseas oideachais cleachtais curaclaim agus theagascacha agus struchtúir rialaithe agus bainistíochta.

Tá freagrachtaí an bhoird maidir le soláthar oideachais leagtha amach i reachtaíocht agus rialúchán agus tá an bord freagrach as sin. I gcóras atá go hiomlán neamhspleách, tá saintreoir reachtúil mínithe i dtéarmaí ginearálta, le gur féidir leis an bhord a mhíniú agus a chinntiú cad é an córas oideachais is oiriúnaí dá phobal.

B'fhéidir go ndéanfadh roinnt scoileanna neamhspleácha comhghuaillíocht faoi chomhlacht idirghabhálach. Tugann sin deis leas a bhaint as tacaíocht riaracháin. Is féidir go laghdódh sin cuid den ualach bainistíochta ar phríomhoidí; is féidir le scoileanna freagrachtaí cinnteoireachta agus acmhainní a chomhroinnt, lena n-áirítear acmhainní teagaisc; agus is féidir le scoileanna leas a bhaint as cur chuige pobal cleachtais a chothaíonn cumas gairmiúil laistigh den chomhghuaillíocht. Freastalaíonn an comhlacht idirghabhálach ar an gcomhghuaillíocht, ag úsáid cumhachtaí áirithe cinnteoireachta ar a son. De ghnáth clúdaíonn sin an fhreagracht buiséid a dháileadh; comhthosaíochtaí a leagan síos le haghaidh forbartha agus cinnteoireachta sna ceithre ghné a leanas.

***Bainistiú foirne:*** Tá bord na scoile freagrach as an fhoireann acadúil agus neamhacadúil uile a fhostú, as leibhéil pá agus coinníollacha seirbhíse a chomhaontú agus socrú ar na polasaithe le haghaidh struchtúr foirne, forbairt gairme, smacht, agus bainistiú feidhmiúcháin. Tá an rogha ag bainistíocht scoile téarmaí agus coinníollacha fostaíochta múinteoirí a shocrú agus is féidir leo maoiniú a fhágáil ar leataobh le dreasachtaí pá feidhmíochtbhunaithe a chur i bhfeidhm.

***Fócas ar an dalta:*** Seachas sa chás go bhfuil ceanglas reachtúil a leithéid a dhéanamh, ní chuirtear srian ar scoileanna iomlán neamhspleách maidir leis na daltaí a shocraíonn siad a ligean isteach nó gan a ligean isteach. Is féidir le scoil cohórt áirithe a aithint laistigh den phobal mar a spriocbhonn cliaint agus iontrálacha agus polasaithe a fhorbairt le tacú le soláthar don chohórt.

***Teagasc agus Foghlaim:*** Tá saoirse ag an scoil iomlán neamhspleách le cineál agus sain-nádúr a curaclaim a shocrú, ag tógáil ar láidreachtaí a foirne teagaisc. Thugann sin deis do mhúinteoirí bheith níos nuálaí agus níos cruthaithí ina ndóigheanna teagaisc mar nach bhfuil srian orthu ag riachtanais curaclaim a leagtar sios dóibh. Tá neamhspleáchas ag scoileanna curaclaim, oideolaíocht agus straitéisí feidhmiúcháin a fhorbairt ó bhonn.

Tá cumas ag scoileanna atá iomlán neamhspleách céatadán dá mbuiséad a shocrú a chaithfidh siad ar ghníomhaíochtaí forbairt ghairmiúil agus iad a lorg ó réimse leathan soláthróirí. Ciallaíonn sin gur féidir gníomhaíochtaí mar sin a shocrú de réir tosaíochtaí scoile agus ní de réir saincheisteanna a shocraítear ag leibhéal náisiúnta.

***Cuntasacht:*** Tá níos mó cuntasachta ag scoileanna iomlán neamhspleách maidir le feidhmiú daltaí, cúrsaí airgid, agus oibriúcháin éifeachtacha scoile. Ní mór dóibh caighdeáin náisiúnta

oideachais a chomhlíonadh a shonraíonn údarás áitiúil, nó roinn Rialtais. Leis sin, ní mór dóibh caighdeáin dhiana fhioscacha agus bainistíochta a chomhlíonadh a leagann an Roinn síos.

Foilsítear roinnt táscairí ar fheidhmiú na scoile atá iomlán neamhspleách chun gur féidir le gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear an cáiníocóir monatóireacht a dhéanamh ar an infheistiú a rinneadh i neamhspleáchas agus  a thorthaí.

## 2.2 Na Buntáistí le Neamhspleáchas Iomlán

Cuirtear roinnt argóintí chun tosaigh i leith neamhspleáchas iomlán.

Is féidir go dtiocfadh ***breis éifeachtúlachta in úsáid acmhainní*** mar gheall ar neamhspleáchas iomlán. Le dílárú freagrachtaí a bhaineann le cistiú sholáthar oideachais do scoileanna nó do chomhlachtaí idirmheánacha, agus an tsolúbthacht le hacmhainní a dhíriú ar an áit a mheasann scoileanna is mó a bhfuil gá leo, mar aon leis an údarás le múinteoirí maithe a fhostú, a fhorbairt agus a chúiteamh, is dócha go méadófaí cumas na scoileanna lena dteastaíonn ó dhaltaí agus óna dteaghlaigh a chur ar fáil.

Is féidir go dtiocfadh breis éifeachtúlachta ós rud é nach bhfuil an rialtas láir freagrach a thuilleadh as ualach riartha na ngnéithe seo de bhainistíocht chóras scoileanna, rud a shaorfadh breis acmhainní lena roinnt ar scoileanna. Go hidirnáisiúnta, agus an leibhéal seo neamhspleáchais ag scoileanna, baintear amach í le deontas amháin a chlúdódh gnéithe uile oibriúcháin na scoileanna.

Áitíonn cuid den taighde go dtiocfadh ***cáilíocht fheabhsaithe oideachais*** as ligean do scoileanna cinntí faoi churaclam, oideolaíocht, mheasúnú agus sholáthar foirne a dhéanamh iad féin, rud a chothódh nuáil, cruthaitheacht agus athrú. Tá sé seo bunaithe ar an dearbhú gur ag na scoileanna aonair is fearr fios faoi riachtanais a gcuid daltaí agus a bpobal agus go dtig leo cinntí níos fearr a dhéanamh faoin soláthar oideachais a thairgeann siad má bhíonn an neamhspleáchais acu le seo a dhéanamh.

Is minic a mheasann abhcóidí an neamhspleáchais iomlán an neamhspleáchas churaclaim agus oideolaíochta ar leibhéal scoile nó áitiúil a bheith ina ghléas cothaithe nuála, cruthaitheacha nó athraithe agus ina mhórchúinse i rath an chórais.

D’fhéadfadh an scoil lán-neamhspleách, trí struchtúir rialachais, ***ról níos tábhachtaí ag tuismitheoirí*** i reáchtáil na scoileanna a sholáthar. Iad a bheith páirteach i gcinnteoireacht mar chomhaltaí boird ar ábhair a bhainfeadh le soláthar foirne, curaclam agus measúnú, mar shampla, cumasaíonn sé tuismitheoirí mar pháirtithe leasmhara sa scoil agus méadaíonn freagracht na scoile dóibh.

## 2.3 Na rioscaí i neamhspleáchas scoile

Tá réimse rioscaí a thagann le neamhspleáchas iomlán do scoileanna. Orthu seo tá:

***Laghdú ar cháilíocht torthaí do dhaltaí:*** Tá fíorchontúirt ann go mbeidh tionchar diúltach ar cháilíocht torthaí do dhaltaí má leathnaítear neamhspleáchas scoileanna. Tabharfaidh an t-ualach méadaithe riaracháin ar phríomhoidí ar shiúl ó ghníomhaíochtaí ceannaireachta oideachais iad agus iad ag éirí níos fiontraíche agus is féidir nach ndíreodh múinteoirí a n-aird ar an seomra ranga má athraítear coinníollacha a bhfostaithe. I gcomhthéacs acmhainní atá laghdaithe (agus ag laghdú) oibreoidh na deischostais a thabhaítear trí atreorú cistithe agus acmhainní eile le neamhspleáchas scoile a athrú, tionchar ar fheidhmiú tionscnamh eile a bheadh dírithe ar thorthaí daltaí a fheabhsú.

Léiríonn taithí i roinnt tíortha eile go n-éiríonn scoileanna neamhspleácha, atá freagrach as feidhmíocht daltaí, níos roghnaithí maidir le rollú. Cuireann sé seo le córas dhá leibhéal oideachais a fheiceann an mhuintir atá faoi mhíbhuntáiste i scoileanna nach gcruthaíonn go ró-mhaith. Mar an gcéanna, is féidir go mbeadh teacht ag scoileanna áirithe ar bhreis cistithe i bpobail rachmasacha, mar shampla, a ligfeadh dóibh teagasc agus foghlaim a acmhainniú níos fearr ná a dhéanfadh scoileanna eile. Tógann sé seo meon comórtais idir scoileanna ionas go dtarraingíonn scoileanna i bpobail rachmasacha níos mó daltaí agus go méadaíonn siad, agus scoileanna i bpobail níos boichte i gcontúirt daltaí a chailleadh agus go ndúnfaí iad.

***Ró-ualach riaracháin ar phríomhoidí:*** Cruthaíonn neamhspleáchas méadaithe timpeallacht is casta agus is dúshlánaí i bhfad le láimhseáil ag príomhoidí, le méadú suntasach ar ualach na hoibre agus ar leibhéal na freagrachta a théann leis an ról. In Éirinn, le cúig bliana anuas chonacthas príomhoidí agus taithí acu ag imeacht ar scor agus tá líon suntasach príomhoidí fós ar luathchéim ina ngairm mar cheannairí scoile. Má scoitheann leathnú an neamhspleáchais an obair atá ar siúl le tacaí gairme do cheannairí scoile a fhorbairt, is baol go n-éireodh an t-ualach ar phríomhoidí doláimhsithe, agus rioscaí dá bharr sin ar fheidhmiú éifeachtach scoileanna agus ar earcú agus choinneáil príomhoidí. Tá sé seo ábhartha go háirithe ó tharla go bhfuil dhá thrian de phríomhoidí bunscoile in Éirinn ina bpríomhoidí teagaisc le saoire riaracháin dhá lá agus fiche ar a mhéid acu lena bhfreagrachtaí reatha ceannaireachta a bhainistiú.

***Dúshlán bainistiú airgeadais:*** Tríd an litríocht ó SAM agus ón Astráil, tá béim láidir ar an tuiscint nár éirigh le ceannas cineachta ar bhuiséid chomh maith do scoileanna agus a bhíothas ag dúil leis. Tá bainisteoirí scoile sa dóigh go dtugann siad aghaidh ar chinntí airgeadais seachas ar chinntí oideachais; nochtann múinteoirí agus tuistí a n-imní go gcrapann an chionroinnt chistithe ón rialtas i gcoibhneas le costas soláthar seirbhíse le himeacht ama; agus meastar gur sheachain rialtais láir cinnteoireacht dheacair.

Tá líon measartha ard scoileanna atá réasúnta beag sa chóras scoile Éireannach. Má chineachtar buiséid de réir líon daltaí is baol nach mbeidh an chumhacht ceannaigh ag scoileanna leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach i soláthar seirbhísí teagaisc agus neamhtheagaisc.

Caithfear buiséid scoile a bhainistiú go héifeachtúil agus ag teacht le nósanna imeachta poiblí. D'fhéadfadh míbhainistíocht airgeadais iarmhairtí tromchúiseacha a tharraingt ar an Státchiste chomh maith leis an scoil aonair. Chaithfí nuachórais láidre bhainistiú airgeadais a d'éascódh cleachtais rialta thuairisciú airgeadais thar chóras na scoileanna a fhorbairt agus a fheidhmiú. Chaithfeadh na córais fhreagrachta airgeadais aghaidh a thabhairt ní amháin ar dhea-bhainistiú buiséid le go bhfanfadh caiteachas scoile taobh istigh de theorainneacha, ach freisin ar an riachtanas le caitheamh go freagrach, sa dóigh go n-infheisteofaí cistiú teoranta poiblí i dtorthaí feabhsaithe do dhaltaí.

***Méaduithe tuarastail:*** Má bhíonn neamhspleáchas méadaithe ar thuarastail ag scoileanna, agus gan saineolas ar chaidreamh oibreachais ar fáil i ngach scoil, tá riosca suntasach ann go dtarlódh boilsciú tuarastail agus ceardchumainn ag úsáid a saineolais le bheith páirteach i gcaibidlíocht fhada tuarastail maidir le gach duine dá gcomhaltaí le gach bainisteoir aonair

scoile. Is dúshlán é a chinntiú nach dtiocfaidh boilsciú tuarastail de dheasca neamhspleáchais nó nach ndéanfaí nós de bhronnadh bónas/breisithe san earnáil. Ba dhúshlán é cloí le treoirlínte earnála poiblí agus neamhspleáchas scoileanna ar phábhuiséid ag méadú.

***Tionchar diúltach ualach méadaithe freagrachta**:* Is léir gur cuid riachtanach iad meicníochtaí freagrachta d'aon chóras neamhspleáchais feabhsaithe do scoileanna. Tá baol suntasach ann, áfach, go bhfeicfí cloí leis na meicníochtaí freagrachta seo mar ualach ar riarachán na scoile agus go measfaí comhlíonadh freagrachta a bheith ag sárú sochair an neamhspleáchais.

***Baol na teipe***: Is féidir go dteipfí ar scoil lán-neamhspleách ar chúiseanna éagsúla, lagchumas mar shampla i mbainistíocht freagrachta as teagasc agus foghlaim a threorú agus as freagrachtaí bainistíocht bhuiséid a chomhlíonadh, le go n-éireodh scoileanna dócmhainneach le contúirt ghlacadóireachta nó leachtaithe. Gan réimse de straitéisí idirghabhála á mbainistiú ag údaráis taobh amuigh den scoil, ní féidir sláine soláthair a dhearbhú do thuismitheoirí.

Tá plé níos iomláine ar na buntáistí agus míbhuntáistí seo le fáil in *Neamhspleáchas Scoile a Chur Chun Cinn i gCóras Scoile na hÉireann– Páipéar Taighde agus Plé/Advancing School Autonomy in the Irish School System – Research and Discussion Paper*, atá in éineacht leis an bpáipéar comhairliúcháin seo.

# 3. Cad é an chuma a bheadh ar níos mó neamhspleáchas scoile in Éirinn?

I ndiaidh an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar fhoirm theoiriciúil de neamhspleáchas iomlán scoile a bhreathnú i Roinn 2 den pháipéar seo, leagtar amach sa roinn seo trí réimse (nó ghné) féideartha de chóras scoile na hÉireann ina bhféadfaí níos mó neamhspleáchais a thabhairt do scoileanna agus do phobail scoile:

- Rialachas, bainistíocht agus éiteas
- Curaclam, oideolaíocht agus measúnú
- Buiséad agus maoiniú

Sna ranna a leanas, cuirfimid síos ar na roghanna a d'fhéadfaí a mheas i dtaca le níos mó neamhspleáchais i ngach réimse acu seo.

Is tábhachtach a nótáil go bhfuil plé níos iomláine ar na roghanna atá leagtha amach thíos in *Advancing School Autonomy in the Irish School System – Research and Discussion Paper,* a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí na Samhna 2015 agus arb é an doiciméad é a ghabhann leis an pháipéar comhairliúcháin seo.

## 3.1 Rialú, bainistiú agus éiteas scoile

Is é an míniú coitianta go dtagraíonn rialachas d'úinéireacht, d'eagrú agus do bhainistiú scoileanna. Tá neamhspleáchas áirithe ag scoileanna in Éirinn i dtaca lena rialachas, lena n-úinéireacht, lena mbainistiú agus lena n-eagrú de. Tá foráil in Acht Oideachais 1998 do chóras bainistithe scoile agus do chóras pátrúnachta a chuireann béim ar rialú áitiúil scolaíochta. Lena chois sin, i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil, is iad úinéirí nó pátrúin/iontaobhaithe na scoile, ní an rialtas láir, a chinneann ar éiteas sonraithe na scoile (is é sin, na luachanna agus na prionsabail a chuireann sí chun cinn.

I measc na roghanna a thabharfadh níos mó neamhspleáchais do scoileanna agus do phobail scoile i dtaca lena rialachas, lena mbainistiú agus lena n-éiteas de, tá na nithe seo a leanas:

***Reachtaíocht agus rialú:***

1. Daingníonn an tAcht Oideachais leibhéal ard neamhspleáchais áitiúil ag scoileanna agus tá roinnt athruithe ar an chreat reachtaíochta fógraithe cheana féin ag an Aire Oideachais agus Scileanna. (Ina measc siúd, tá leasú ar Acht 28 den Acht Oideachais le soláthar do Chairt do Thuismitheoirí agus Mhic Léinn – féach thíos, agus Bille um Iontrálacha go Scoileanna le feabhas a chur ar an rialúchán a bhaineann leis an dóigh a gcuireann scoileanna a bpolasaithe iontrála i bhfeidhm ar dhóigheanna córa, cothroma).

I gcoitinne, tá socruithe rialála do scoileanna na hÉireann níos laige san am i láthair ná bheadh riachtanach le tacú le castacht chóras neamhspleách scoile: tá tacar singil rialachán reatha, a bhfuil teacht orthu go héasca, in easpa agus tá roinnt rialachán as dáta. Bheadh **athchóiriú agus comhdhlúthú rialúchán scoileanna** de dhíth le bheith mar bhonn agus taca ag bainistiú

scoileanna agus leis na meicníochtaí cuí a chur ar bun do chinnteoireacht chineachta agus do chuntasacht tréan. Bheadh an t-athchóiriú seo bunriachtanach dá mbeadh rath le bheith ar aon bheart le níos mó neamhspleáchais a chineachadh do scoileanna agus éileoidh sé infheistiú suntasach breise saineolais agus acmhainní foirne.

***Rialú:***

2. D'fhéadfadh an **Chairt do Thuismitheoirí agus Mhic Léinn** atá á forbairt faoi láthair an dóigh a shainiú a bhféadfaí an caidreamh áitiúil idir tuismitheoirí agus scoileanna a fhorbairt. Thiocfadh léi ionchais a leagan amach faoin dóigh:

   - a dtuairiscíonn scoil le tuismitheoirí faoi cháilíocht an tsoláthar oideachais atá ar fáil ag a bpáistí, agus, i dtaca lena bpáiste féin de, an cineál eolais ar a bhfuil bainte amach ag a bpáiste, an dul chun cinn atá déanta acu agus na dúshláin a ba chóir a chur rompu
   - ar féidir cur ar chumas tuismitheoirí a bheith gníomhach i mbainistíocht scoileanna agus (in éineacht le comhaltaí eile boird) leibhéal cuí oiliúna agus tacaíochta a fháil nuair a bhíonn siad rannpháirteach i mboird scoile nó i struchtúir eile bainistíochta scoile
   - a gcuirfear in iúl do thuismitheoirí ar bhonn rialta faoi cheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le héifeacht an oideachais atá á sholáthar ag an scoil
   - ar féidir le tuismitheoirí a bheith páirteach go bríoch i bpróisis féinmheastóireachta scoile agus labhairt leis an scoil faoi cháilíocht obair na scoile

***Éiteas:***

3. **Ba chóir leanúint den obair atá ar siúl faoi láthair i dtaca le soláthar bunscoile a athstruchtúrú agus níos mó éagsúlachta i bpátrúnacht scoile a chur ar fáil** ionas go mbainfear réimse leor-éagsúlaithe bunscoileanna amach.

   Tá obair ar siúl faoi láthair le soláthar bunscoile a athstruchtúrú agus níos mó éagsúlachta i bpátrúnacht scoile a chur ar fáil. Cuireann an obair seo moltaí an “Report of the Forum ón Patronage and Pluralism in the Primary Sector” (Coolahan et al, 2012). Cuirtear níos mó béime anois ar thuairimí tuismitheoirí agus pobal áitiúil, chomh maith le scoileanna féin, sa phróiseas le pátrúin scoile a roghnú agus a cheapadh.

   Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas le éagsúlacht pátrúnachta a fheabhsú, tá feidhm le tuilleadh a dhéanamh. Ba thábhachtach go gcoinneofaí béim ar próifíl pátrúnachta scoile a athchumrú le éagsúlacht pobal agus mianta tuismitheoirí agus páirtithe eile leasmhara a léiriú.

   Sa bhliain 2014, d'fhoilsigh an Roinn an páipéar *Forum ón Patronage and Pluralism in the Primary Sector – Progress to Date and Future Directions* (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2014). Luaigh an páipéar seo samplaí den dea-chleachtas le gach scoil a threorú agus a ghríosú le bheith cuimsitheach agus fáilte a chur roimh gach dalta ó chúlraí

éagsúla. Aithnítear sa pháipéar nach bhfuil cur chuige "go ndéanann an toise céanna gach duine" lena chinntiú go mbíonn gach scoil cuimsitheach agus fáilteach. Gríosaíonn an páipéar údaráis scoile le úsáid a bhaint as a neamhspleáchas le díriú ar na ceisteanna seo ar dhóigheanna a léiríonn comhthéacs éagsúil gach scoile ar leith. Má thugann an scoil aird ar leith ar na ceisteanna seo, is féidir leis sin a bheith tábhachtach i gcinntiú go léiríonn scoileanna éagsúlacht a bpobal agus tuairimí tuismitheoirí agus an phobail mhóir.

***Fostú/imlonnú múinteoirí***

4. D'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Rialtas **smaoineamh go cúramach ar chur chuige incriminteach i leith neamhspleáchas scoileanna a mhéadú i dtaobh imlonnú múinteoirí.** Glacadh na chéad chéimeanna le neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna i dtaobh a n-acmhainní foirne i dtionscadal píolótach inar leithdháileadh acmhainní breise teagaisc ar scoileanna le tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sé molta ag an Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) go dtabharfar tacaíocht teanga, tacaíocht foghlama agus uaireanta teagaisc acmhainne isteach in aon phota amháin, agus go mbeadh neamhspleáchas ag scoileanna in úsáid na n-acmhainní seo ar an dóigh is fearr a riarfadh do riachtanais a mac léinn.

   I mí Mheán Fómhair 2015, tosaíodh i 47 scoil ar phíolóta den eiseamláir nua le acmhainní breise teagaisc a leithdháileadh ar scoileanna le tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is é aidhm an phíolóta an eiseamláir a thástáil i roinnt scoileanna agus deis a thabhairt éifeacht phraiticiúil fheidhmiú na heiseamláire nua i scoileanna píolóta a mheas, agus, san am chéanna, taithí foghlama scoileanna, príomhoidí agus mac léinn agus tuairimí tuismitheoirí a chur san áireamh.

5. Má ghlactar le cruthú aon phota amháin acmhainní teagaisc a bhaineann le RSO agus má chuirtear i bhfeidhm go rathúil é, ba chóir smaoineamh in am is i dtráth ar an cleachtas a leathnú le pota amháin post a dheonú ar scoileanna CDSS agus rogha a bheith ann na poist sin a imlonnú de réir riachtanais agus tosaíochtaí aitheanta na scoile.

6. Níos faide anonn, d'fhéadfaí smaoineamh ar an socrú seo a chur i bhfeidhm i ngach scoil nó i sampla scoileanna atá an-éifeachtach.

7. **D'fhéadfaí smaoineamh ar neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna i leith leagan amach na n-acmhainní breise foirne a deonaíodh ar an scoil ar mhaithe le tacú le cuimsiú, mar shampla (mar gheall ar riachtanais speisialta oideachais agus tionscnaimh a bhaineann le CDSS araon).** Mar shampla, taobh istigh den bheartán acmhainní breise foirne atá ar fáil le tacú le riachtanais speisialta oideachais, d'fhéadfaí neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna socrú cé acu múinteoirí breise nó CRSí breise is fearr a riarfadh do riachtanais a gcuid daltaí.

8. Is féidir fosta smaoineamh ar shocrú ina dtugtar leithdháileadh singil amháin acmhainní daonna don scoil agus neamhspleáchas cinneadh ar an dóigh a mbainfear úsáid as na hacmhainní: mar mhúinteoirí i seomraí ranga agus i suíomhanna eile, le teagasc a chur ar fáil nó tacaíochtaí eile d'fhoghlaim agus chuimsiú mac léinn a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu (a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais, míbhuntáiste oideachasúil, an Béarla mar theanga bhreise, srl.) nó do róil cheannaireachta sa scoil.

***Cuntasacht:***

9. **D'fhéadfaí an obair atá ar siúl faoi láthair le próisis tréana féinmheastóireachta scoile a chur ar bun a chur chun cinn,** agus na ceanglais le tuarascálacha meastóireachta agus feabhsaithe scoile a fhoilsiú do thuismitheoirí san áireamh. Faoi na socruithe reatha féinmheastóireachta, iarrtar ar scoileanna tuarascáil achomair bhliantúil a chur ar fáil do thuismitheoirí faoina dtosaíochtaí i leith feabhsaithe agus an dul chun cinn atá déanta acu. Tugann taithí idirnáisiúnta le tuiscint gur fritorthúil ceanglas a chur ar scoileanna a dtuarascálacha inmheánacha féinmheastóireachta a fhoilsiú, nó gur féidir leis seo an chritíc inmheánach riachtanach agus an treallús i dtreo feabhsaithe a chosc. Ina dhiaidh sin, níl fáth ar bith nach mbeadh sé d'fhiacha ar scoileanna tuairisciú ar líon áirithe ceisteanna, agus comhlíonadh rialachán agus cuntas gairid ar a dtosaíochtaí i leith foghlama san áireamh. Is féidir an réimse ceisteanna a gcaithfear tuairisciú orthu agus an leibhéal ionchasach mionsonra a leathnú.

10. **Ba chóir an clár athchóirithe cigireachta seachtraí scoile a chur chun cinn,** le tuilleadh feabhais a chur ar thuairisciú ar leibhéil fheidhmíochta scoileanna bunaithe ar roinnt critéar foilsithe agus le minicíocht cigireachta seachtraí ar scoileanna a mhéadú. Beidh soláthar a leithéid de thuairim sheachtrach ar fheidhmíocht na scoile mar thaca agus chosaint tábhachtach don cháilíocht má chuirtear níos mó neamhspleáchais scoile chun cinn. D'fhéadfadh an chigireacht fosta a bheith ina cuidiú i gcinneadh ar an leibhéal chuí neamhspleáchais le tabhairt do scoileanna. Dá léiríodh cigireachtaí go raibh an scoil ag feidhmiú go láidir, d'fhéadfaí smaoineamh ar an leibhéal neamhspleáchais a deonaíodh don scoil a mhéadú agus minicíocht nó déine na gcigireachtaí a laghdú. Mar an gcéanna, dá léiríodh cigireacht scoile laigí móra sa soláthar do theagasc agus fhoghlaim sa scoil, ba chuí smaoineamh ar theorainn a chur leis an neamhspleáchas a bhí ag an scoil i dtaca le himlonnú acmhainní teagaisc nó acmhainní eile de agus minicíocht na cigireachta a mhéadú. Ciallaíonn seo uilig minicíocht níos mó cigireachta agus tuarascálacha foilsithe agus méadú ar acmhainní cigireachta.

11. Mar an gcéanna, dá léiríodh cigireacht scoile laigí móra sa soláthar do theagasc agus fhoghlaim sa scoil, ba chuí smaoineamh ar theorainn a chur leis an neamhspleáchas a bhí ag an scoil i dtaca le himlonnú acmhainní teagaisc nó acmhainní eile de. Ciallaíonn seo uilig minicíocht níos mó cigireachta agus tuarascálacha foilsithe agus méadú ar acmhainní cigireachta.

12. **Ní mór smaoineamh ar bhearta a cheapadh agus a mhaoiniú le scileanna ceannairí scoile** (boird agus príomhoidí) **a fheabhsú** agus iad ag bainistiú agus ag eagrú soláthar oideachais go héifeachtach sa scoil i gcomhthéacs solúbthachta méadaithe in imlonnú foirne.

## 3.2 Curaclam, oideolaíocht agus measúnú

Cuireann na roghanna seo a leanas buntáistí agus míbhuntáistí an réimse féidearthachtaí a pléadh in *Advancing School Autonomy in the Irish School System – Research and Discussion*

*Paper* san áireamh i dtaca le neamhspleáchas scoile a leathnú thar churaclam, oideolaíocht agus mheasúnú le cois an tionchair ghaolmhar ar cheannaireacht, ar cháilíochtaí múinteora agus ar chuntasacht. Cuireann na roghanna san áireamh comhthéacs reatha cultúrtha agus oideachasúil chóras scoile na hÉireann ag leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

Tá scoileanna in Éirinn neamhspleách go pointe áirithe i dtaca leis an churaclam a theagascann siad, a n-oideolaíocht agus measúnú de. Cé go bhfuil curaclam ann a ceapadh go lárnach ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon, tá cuid mhór scóipe ann do scoileanna agus do mhúinteoirí, taobh istigh de pharaiméadair an churaclaim sin a ceapadh go lárnach, le é a chur in oiriúint le riar do riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Tá scóp nach beag ag scoileanna agus múinteoirí ag an dá leibhéal cinntí a dhéanamh faoin gcur chuige chuí oideolaíoch dá mic léinn. Ag leibhéal bunscoile ba chóir go mbeadh tionchar ag na cuir chuige atá leagtha amach i dtreoirlínte an churaclaim náisiúnta ar na cinntí seo. Ag leibhéal iar-bhunscoile, cé nach n-ordaítear cuir chuige oideolaíocha ar leith i dtreoirlínte a foilsíodh sa lár, táthar ag súil go gcuirfidh scoileanna agus múinteoirí na modhanna a moltar i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chuirtear ar fáil ar bhonn náisiúnta agus i dtuarascálacha cigireachta foilsithe san áireamh.

Fágtar measúnú laethúil agus an t-aiseolas a mbaintear úsáid as le feidhmíocht mac léinn a fheabhsú faoi scoileanna aonair agus a múinteoirí. Sainordaítear measúnachtaí seachtracha agus measúnachtaí caighdeánaithe go lárnach, áfach. Ag leibhéal bunscoile, bíonn siad i bhfoirm trialacha caighdeánaithe ag amanna a ordaítear. Ag leibhéal iar-bhunscoile, bíonn scrúduithe stáit ann ag deireadh na Sraithe Sóisearaí agus ag deireadh na Sraithe Sinsearaí.

I measc na roghanna i dtaca le neamhspleáchas scoileanna a leathnú thar a gcuraclam, a n-oideolaíocht agus a measúnú de, tá na nithe seo a leanas:

***Curaclam***

1. San am i láthair, tá na curaclaim bunscoile don Bhéarla agus don Ghaeilge faoi athbhreithniú reatha. Déanfar athbhreithniú ar ábhair eile sna blianta atá romhainn. Agus athsholáthar seo na gcuraclam reatha náisiúnta do bhunscoileanna ag dul ar aghaidh, **d'fhéadfaí glacadh le cur chuige chreat curaclaim in áit cur chuige mionsonraithe saintreorach.** Chiallódh seo go sonrófaí an curaclam mar thacar leathan torthaí foghlama in éineacht le príomhphrionsabail i leith pleanála, tosaíocht a thabhairt do mheasúnú agus athbhreithniú. Taobh istigh den chreat seo d'fhéadfaí méid áirithe **neamhspleáchais** a thabhairt do scoileanna **le ábhair a roghnú (agus ábhair eile a eisiamh) agus cinneadh ar an méid ama a thabharfaí d'ábhair ar chuntar go gcloítear le ceanglais ginearálta, náisiúnta i dtaca le litearthacht, uimhearthacht, corpoideachas agus oideachas sláinte de.** Thabharfadh a leithéid de chur chuige solúbthacht agus níos mó neamhspleáchais do scoileanna agus d'fhéadfadh sé ligean do roinnt scoileanna speisialtóireacht a dhéanamh i réimsí áirithe mar na healaíona nó na teicneolaíochtaí. Ina dhiaidh sin, d'éileodh an rogha seo monatóireacht chúramach lena chinntiú go mbeadh curaclam cothrom leathan ag mic léinn.

2. **D'fhéadfaí níos mó solúbthachta a dheonú ar bhunscoileanna sa dóigh a n-imlonnaíonn siad múinteoirí** leis an curaclam bunscoile a sheachadadh leis an oideolaíocht a neartú

sna seomraí ranga agus lena chinntiú go bhfuil eolas iontaofa ar an ábhar agus inniúlacht mar bhonn agus taca faoi seo.

3. Tabharfaidh na mórleasuithe atá á dtabhairt isteach cheana féin sa tsraith shóisearach neamhspleáchas breisithe go mór do scoileanna ar an curaclam ag leibhéal íseal na hiar-bhunscolaíochta. Mar shampla, beidh an neamhspleáchas ag scoileanna le réimse ábhar traidisiúnta a thairiscint ach beidh an rogha acu fosta roinnt cúrsaí gairide a thairiscint, a bhfuil cuid acu deartha acu féin taobh istigh de threoirlínte leathana náisiúnta. Ar an ábhar sin, **ba chóir na hathruithe sa gcuraclam atá á dtabhairt isteach sa tSraith Shóisearach anois a chur i bhfeidhm go hiomlán.**

4. D'fhéadfaí smaoineamh ar clár na scrúduithe stáit a leathnú atá faoi réir ag mic léinn le linn nó ag deireadh na Sraithe Sinsearaí le deis a thabhairt réimse níos mó cáilíochtaí a chuimsiú, agus cáilíochtaí dírithe ar ghairmeacha san áireamh.

***Ceannaireacht***

5. **Ba chóir an obair atá ar siúl faoi láthair le inniúlacht ghairmiúil ceannairí scoil a thógáil, a chur chun cinn.** Beidh forbairt scileanna ceannaireachta príomhoidí agus leas-phríomhoidí mar cheanglas riachtanach in aon phleananna le neamhspleáchas scoile a mhéadú.

6. Má tá ceannairí scoile leis na buntáistí bunúsacha a bhaineann le neamhspleáchas curaclaim a bhaint amach beidh **leibhéal réadúil tacaíochta ag leibhéal na meánbhainistíochta** i scoileanna riachtanach acu mar thaca, le ceannairí cúnta nó leascheannairí scoile a bhfuil a sainchuntais phoist níos uaillmhianaí ná mar atá traidisiúnta i gcóras na hÉireann.

7. **D'fhéadfaí smaoineamh ar bhearta le soghluaiseacht príomhoidí a fheabhsú,** agus tabhairt isteach conradh fostaíochta níos solúbtha, socruithe ath-imlonnaithe agus conarthaí ar théarma seasta san áireamh.

***Cáilíochtaí agus Scileanna Múinteoirí:***

8. Tá riachtanas le feabhsú i bhforbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus tá feidhm le hinfheistíocht suntasach bhreise i FGL múinteoirí. Ba chóir monatóireacht chúramach a dhéanamh ar na hathruithe an-suntasach a bhfuil tús curtha lena gcur i bhfeidhm in oiliúint tosaigh múinteoirí lena chinntiú go bhfuil múinteoirí ullmhaithe go leor do na dúshláin ghairmiúla a bhaineann le bheith ag obair sa timpeallacht chomhoibríoch ghairmiúil foghlama atá i scoileanna anois. Is deis suntasach ag múinteoirí cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil a dhaingniú i saol gairmiúil gach múinteora moltaí na Comhairle Múinteoireachta ina plécháipéis Cosán. Beidh an fhorbairt ghairmiúil seo uilig riachtanach má tá múinteoirí le leas iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le níos mó neamhspleáchas i réimsí mar churaclam, mheasúnú agus oideolaíocht. Leoga, i dtíortha áirithe, is éigean do mhúinteoirí, amhail ball i ngairmeacha eile, tabhairt faoi íosleibhéal forbartha gairmiúla leanúnaí mar choinníoll cláraithe.

***Cuntasacht:***

9. D'fhéadfaí tabhairt ar scoileanna **eolas níos cuimsithí a chur ar fáil do thuismitheoirí níos minice** trí thuarascálacha scríofa agus chruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí.

10. D'fhéadfaí na ceanglais faoi fhéinmheastóireachta scoile a neartú. D'fhéadfaí a chur d'fhiacha ar scoileanna a chinntiú go mbíonn go leor mionsonra i dtuarascálacha féinmheastóireachta scoile faoi dhul chun cinn na scoile agus a bhfuil bainte amach acu i dtaca le seachadadh curaclaim de. Má fhorbraítear modhanna eile le tuairisciú do thuismitheoirí a fheabhsú, d'fhéadfaí úsáid na dtuarascálacha seo a theorannú do mheastóireacht agus tuairisciú taobh istigh den scoil agus do bhord na scoile.

11. **D'fhéadfaí tabhairt ar scoileanna tuairisciú go poiblí ar roinnt ceisteanna go bliantúil.** D'fhéadfadh deimhniú poiblí a bheith ina measc siúd go bhfuil an scoil ag comhlíonadh roinnt príomhrialachán (líon na laethanta atá an scoil oscailte le haghaidh teagaisc, fad an lae scoile, méid na ranganna agus imlonnú acmhainní teagaisc, polasaí iontrála, polasaí agus nósanna imeachta um chosaint leanaí, srl.). D'fhéadfadh seo cur le soláthar teacht níos fearr a bheith ag an phobal ar eolas faoi na hacmhainní atá ar fáil ag an scoil, an dóigh a n-imlonnaítear seo agus cóimheasa éifeachtacha múinteoirí is daltaí na scoile, acmhainní aimsithe atá ar fáil ag an scoil agus an dóigh a mbaintear úsáid astu seo (do riachtanais speisialta oideachais, CDSS, srl.) agus ioncam airgeadais ón stát. D'fhéadfaí smaoineamh fosta ar eolas áirithe a chur ar fáil ar éachtaí foghlama mac léinn, mar shonraí treochta ó scrúduithe nó ó thrialacha, mar shampla ag deireadh na scolaíochta dara leibhéil. Bheadh tuilleadh staidéir riachtanach ar an mheicníocht le seo a bhaint amach agus na himpleachtaí acmhainní a bhaineann leis.

12. Ba chóir leanúint d'**fhorbairt eiseamláire nua cigireachta** do chigireachtaí scoile agus ba chóir go mbeadh méadú ar réimse na dtuarascálacha cigireachta a fhoilsítear. D'fhéadfadh na hathruithe seo eiseamláirí sainiúla cigireachta le soláthar curaclaim a mheas, eiseamláirí de thréimhsí níos giorra fógra agus tuilleadh cigireachtaí gan fógra, cigireachtaí leantacha agus tuairisciú ar scála feidhmíochta atá poiblithe go forleathan a chuimsiú. **D'fhéadfaí tuilleadh anailísí náisiúnta sonraí a chur le chéile agus a fhoilsiú.**

13. D'fhéadfaí smaoineamh ar **chórais fhorbartha agus bhainistíochta feidhmíochta do mhúinteoirí agus phríomhoidí a thabhairt isteach.** Bheadh obair mhionsonraithe riachtanach lena fháil amach cad é mar a b'fhéidir córais a thástáil agus a thabhairt isteach a sholáthródh bealach struchtúrtha ina bhféadfadh boird bhainistíochta agus príomhoidí obair agus riachtanais fhorbartha príomhoidí a athbhreithniú ar bhonn rialta. Bheadh obair riachtanach fosta le córais a thástáil agus a fhorbairt ina bhféadfadh príomhoidí obair agus riachtanais fhorbartha múinteoirí a athbhreithniú ar bhealach struchtúrtha rialta. Ba phríomhaidhm de chuid na hoibre seo a chinntiú gur spreag na córais seo comhráite dáiríre gairmiúla faoi obair agus fheidhmíocht príomhoidí agus múinteoirí agus gur spreag siad agus gur thug tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus d'fheabhsú.

## 3.3 Buiséid agus maoiniú

I dtaca le neamhspleáchas buiséid de, tá éagsúlacht mhór sna scoileanna in Éirinn. Tá trí phríomhghné ag baint le hairgead scoile in Éirinn, maoiniú caipitil (talamh agus foirgnimh), tuarastail (múinteoirí agus baill eile foirne) agus maoiniú neamhphá. Tá leibhéil éagsúla neamhspleáchais ag scoileanna thar na gnéithe seo.

Go traidisiúnta, bhainistigh an Roinn oibreacha caipitil uilig go lárnach le costas agus rialú cáilíochta a chinntiú. Le blianta beaga anuas, áfach, díláraíodh níos mó neamhspleáchais i leith oibreacha caipitil go scoileanna aonair. Ina dhiaidh sin, is beag uilig an neamhspleáchas atá ag scoileanna go fóill i mbainistiú maoinithe do mhórthionscadail chaipitil, mar fhoirgnimh nua scoile. Bíonn níos mó neamhspleáchas ag scoileanna nuair is oibreacha caipitil ar scála níos lú atá i gceist, go háirithe le scéimeanna measartha nua mar an *Summer Works Scheme, Additional Accomodation Scheme, Emergency Works Grants* agus an *Minor Works Grant.* Cé go dtarann an maoiniú díreach ón rialtas láir, bíonn cead áirithe ag an údarás áitiúil scoile riachtanais a chur in ord tosaíochta agus acmhainní a leithdháileadh dá réir.

Socraítear tuarastail múinteoirí trí idirbheartaíocht leis an Rialtas agus caithfidh gach scoil faofa na scálaí pá a chur i bhfeidhm. Níl aon neamhspleáchas dáiríre ag scoileanna sa chás seo agus caithfidh siad cloí go hiomlán leis an bpolasaí poiblí ar phá. Lena chois, socraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna leagan amach na foirne sa scoil go lárnach (líon na múinteoirí, múinteoirí a fuair ardú céime, múinteoirí acmhainní agus tacaíochta foghlama agus líon na gcúntóirí riachtanas speisialta) agus leithdháiltear sin ar an scoil go bliantúil. I gcodarsnacht leis sin, i bhformhór na scoileanna go dtí seo, maoiníodh tuarastail rúnaithe agus feighlithe scoile ón deontas do sheirbhísí coimhdeacha agus bhain leibhéil agus fairsinge na seirbhísí a soláthraíodh le húdaráis na scoile. Ach, chuaigh an Roinn i mbun phróiseas eadrána faoi phá rúnaithe agus feighlithe scoile. Ta na páirtithe anois ag machnamh ar mholtaí an Eadránaí agus tá sé ar intinn ag an aire glacadh le moltaí an Eadránaí, faoi réir taobh an cheardchumainn glacadh leo. Má ghlactar leo, beidh teorainn leis an rogha a bhí ag scoileanna aonair socruithe éagsúla a bheith i bhfeidhm acu i leith seirbhísí rúnaíochta agus feighlíochta.

Tá níos mó neamhspleáchais ag scoileanna i dtaca le costais nach tuarastal iad de. Íoctar réimse deontas, agus íocaíochtaí caipitíochta san áireamh, le scoileanna lena gcostais neamhphá laethúla a chumhdach mar bhillí fóntais, árachas agus ábhair don seomra ranga. Tá leibhéal ard neamhspleáchais ag údarás na scoile i mbainistiú na gcistí seo de réir riachtanais na scoile agus cúinsí áitiúla. Ina dhiaidh sin, caithfear a aithint gur mhaígh chóir a bheith gach údarás bainistithe scoile arís agus arís eile le blianta beaga anuas gur neamhleor an leibhéal maoinithe a chuireann an Roinn ar fáil do chostais nach tuarastal iad agus go mbíonn siad ag brath ar thiomsú airgid le cur leis an ioncam seo. Faoi Chiorclán 48/2009, tá Boird Bhainistíochta i dteideal dearcadh ar na deontais ar leith a fhaigheann siad, mar shampla, deontais chaipitíochta, deontais leabhar, mar dheontas comhchoiteann a bhfuil cead acu úsáid a bhaint as de réir tosaíochtaí na scoile.

I measc na roghanna i dtaca le neamhspleáchas scoileanna a leathnú thar a mbuiséid agus a maoiniú de, tá na nithe seo a leanas:

***Oibreacha caipitil:***

1. **Ba chóir leanúint leis an neamhspleáchas a tugadh do scoileanna cheana féin le oibreacha caipitil ar scála beag a bhainistiú**. Níl an chuma ar an scéal, áfach, go mbeadh sé indéanta nó críonna féachaint le neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna aonair i dtaca le oibreacha caipitil ar scála mór a bhainistiú de. Agus an buiséad teoranta atá ar fáil; an riachtanas le caiteachas a chur in ord tosaíochta; an chastacht a bhaineann le mórthionscadail chaipitil a bhfuil na milliúin euro i gceist leo; an saineolas teoranta teicniúil atá ag boird scoile agus an riachtanas le cloí leis na treoirlínte a bhaineann le tógáil i seilbh phoiblí, ní léir go mbeadh an acmhainn i mboird scoile mar atá siad bunaithe faoi láthair, ná i bpríomhoidí déileáil a thuilleadh le pleanáil agus bainistiú tionscadal caipitil.

   Níl an rogha deontas caipitil bliantúil a thabhairt do gach scoil indéanta. Ní cheadódh sé caiteachas caipitil a dhíriú ar na scoileanna sin is mó a bhfuil riachtanas le hinfheistíocht acu agus, dáiríre, is é an deireadh a bheadh air go bhfaigheadh an Rialtas suimeanna caipitil ar iasacht a choinneofaí mar chistí i dtaisce i gcuid mhór scoileanna nach raibh feidhm le caiteachas caipitil acu.

***Deontais phá neamh-mhúinteora/neamh-CRS***

2. D'fhéadfaí smaoineamh ar dheontais reatha phá neamh-mhúinteora/neamh-CRS a chur le chéile mar dheontas foriomlán amháin agus neamhspleáchas a thabhairt d'údaráis scoile na hacmhainní seo a bhainistiú de réir a dtosaíochtaí féin

***Pá múinteoirí agus CRS***

3. Faoi láthair, íoctar gach múinteoir ag úsáid párolla singil náisiúnta nó trí phárolla a fheidhmítear don earnáil BOOÉ. Tá mórán buntáistí leis an socrú seo, buntáistí a bhaineann le seirbhísí comhroinnte mórscála agus is meicníocht tábhachtach é atá ina chuidiú le rialáil ghairm na múinteoireachta ag an Chomhairle Mhúinteoireachta. Ní cosúil gur indéanta ná inmhianaithe an socrú seo a athrú. Íoctar múinteoirí fosta ag úsáid scálaí pá atá aontaithe go náisiúnta. Mar an gcéanna, íoctar CRSí ag úsáid scálaí tuarastail atá aontaithe go náisiúnta. Is éadóiche, mar sin de, é a bheith indéanta neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna thar leibhéil tuarastail múinteoirí nó CRSí.

***Cuntasacht:***

4. Chruthódh aon bhogadh le níos mó neamhspleáchais buiséid a chineachadh do scoileanna riachtanas le **hinfheistíocht mhór i bhforbairt scileanna i mbainistiú a leithéid d'acmhainní.**

5. Is riachtanas eile é **forbairt córas lena chinntiú go mbíonn scoileanna faoina leithéid d'acmhainní.** Go háirithe, chaithfí córais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le cosaint a thabhairt in aghaidh calaoise agus mí-úsáid acmhainní, agus sam am chéanna, an dóigh a mbaintear úsáid as a leithéid d'acmhainní a mheas agus an gcuireann bainistiú na n-acmhainní le torthaí feabhsaithe oideachais. Cheana féin, tá socruithe déanta ag Boird Oideachais agus Oiliúna i gcomhair iniúchta inmheánach agus is féidir go soláthróidh na socruithe seo, nó socruithe an Aonaid um Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (ASTA) a dhéanann obair den chineál sin i meánscoileanna deonacha, eiseamláir den chineál

chóras tacaíochta a shamhlaítear i dtéarmaí cuntasachta, trédhearcachta agus freagracht airgeadais as cistí Stáit.

6. Chaithfeadh tairbhí na gné seo den neamhspleáchas an t-ualach riaracháin a bhaineann le forbairt a leithéid de chórais agus cloí leo a chúiteamh.

## 3.4 Cad é a bheadh le déanamh againn le bheith cinnte go n-oibríonn neamhspleáchas?

Agus muid ag lua na bhféidearthachtaí a bhfuil cur síos orthu thuas, mheasamar comhthéacs chóras scolaíochta na hÉireann faoi láthair; a inmhianaithe atá sé go ngnóthóimid na tionchair bheartaithe atá le níos mó neamhspleáchais, agus an chuma ar an scéal go n-éireoidh linn é a chur i bhfeidhm  d'fhonn an chothromaíocht cheart a fháil idir cuspóirí agus prionsabail atá san iomaíocht le chéile Tá de thoradh ar ár n-athbhreithniú ar a bhfuil scríofa go hidirnáisiúnta roinnt priomhtheachtaireachtaí:

**1. Ní mór do chinneadh cumhacht cinnteoireacht chuig scoileanna tarlú i gcásanna ina bhfuil sé soiléir gur sin toil an phobail áitiúil.** Faoi láthair, tá córas measartha aonchineálach ag Éirinn agus tá cuid mhór muiníne ag daoine as an chóras sin. Is mór le tuismitheoirí leanúnachas sna scoileanna uile a chabhraíonn le cothromas rochtana ar oideachas agus comhionannas deise i scoileanna. Má bhogtar róghasta ar neamhspleáchas beidh an creideamh atá ag daoine sa chóras i mbaol agus b'fhéidir go mbeadh sé ina chúis le héilimh ar chomhroghanna costasacha nó go mbeidh tuismitheoirí go hiomlán ina éadan agus go dtiocfaidh siad le chéile ag leibhéal áitiúil agus leibhéal náisiúnta, go háirithe dá mothódh siad nach bhfuiltear ag caitheamh ar an aon dóigh le gach duine.

Tá mothú láidir úinéireachta ar an scoil ag leibhéal áitiúil. Taispeántar sa taighde go n-éiríonn le neamhspleáchas nuair is rogha é ag an phobal áitiúil den chuid is mó údarás áitiúil a úsáid le scoileanna a bhainistiú. Nuair nach dtugann pleanáil do chur i bhfeidhm go leor ama le mian a chothú i ngach páirtí leasmhar ar son neamhspleáchais, tá an chontúirt ann go mbeidh tuismitheoiri cosantach, agus an bharúil acu gurb é an rud atá sa neamhspleáchas an rialtas ag caitheamh dó a chuid freagrachtaí seachas tionscnamh a  thabharfaidh cumhacht dóibh.

Taispeántar freisin sa taighde go mbíonn múinteoirí amhrasach in amanna faoin dóigh is féidir le tuilleadh neamhspleáchais cabhrú le torthaí feabhsaithe daltaí agus coinníollacha oibre feabhsaithe, go háirithe nuair a mheasann siad gur brúdh an patrún neamhspleáchais orthu in áit é a bheith idirbheartaithe trí phlé ghairmiúil.

**2. Is cuid thábhachtach de chinntiú go n-éireoidh le clár cineachta neamhspleáchais a chinntiú go bhfuil an cumas ann chun na freagrachtaí nua a bhainistiú.** Mura bhfuil an saineolas ann atá de dhíth sa scoil, tá fíorchontúirt ann go mbeidh míbhainistiú ann, agus dá thoradh sin go dtiocfaidh meath ar thorthaí oideachasúla agus go gcaillfear éifeachtúlacht riaracháin. Ní féidir na scileanna agus na struchtúir riachtanacha a chothú sa ghearrthéarma agus ní mholtar dul ar aghaidh le húdarás cinnteoireachta a chinneadh gan iad.

**3. Is é an cur chuige cuí cur chuige incriminteach a ghlacadh.** Tá cur síos sa pháipéar seo ar an dóigh a bhfuil obair ar siúl cheana féin i gcóras scolaíochta na hÉireann a d'fhéadfadh na tacaíochtaí cuí a chothú chun neamhspleáchas a chothú agus chun scoileanna a chumasú le tabhairt faoi na dúshláin atá le féintreorú agus féinmheastóireacht (amharc go háirithe roinn 1.5). Taispeántar freisin i Roinn 2 an áit a bhfuil poitéinseal chun neamhspleáchas scoile a fhorbairt tuilleadh agus tá cur síos ar an saghas infreastruchtúir atá de dhíth le tacú le neamhspleáchas i scoileanna.

Is eol dúinn go bhfuil rioscaí le neamhspleáchas scoile a chur chun cinn i gcóras scolaíochta na hÉireann. Is féidir na rioscaí sin a bhainistiú agus is féidir forbairt a dhéanamh ar an chumas a chinntiú nach bagairt don chóras iad. Mar shampla, trí chumas córais a fhorbairt agus meicníochtaí daingne cuntasachta is féidir linn na rioscaí a mhaolú a bhaineann le tuilleadh neamhspleáchais, agus a chinntiú gur féidir a bhuntáistí a sheachadadh ar fud an chórais.

Léirítear sa tábla thíos an réimse gníomhartha a thiocfadh linn a dhéanamh le neamhspleáchas a chothú i gcóras scolaíochta na hÉireann agus na tacaíochtaí agus bearta cuntasachta atá de dhíth le gur féidir bogadh chuig níos mó neamhspleáchais.

<table>
<tr><th>GNÉ</th><th>GNÍOMH Céim 1</th><th>GNÍOMH Céim 2</th><th>GNÍOMH Céim 3</th><th>TACA(Í) de dhíth</th><th>BEARTA CUNTASACHTA</th></tr>
<tr><td rowspan="6">Rialú, Bainistiú agus Éiteas</td><td colspan="3">Rialú scoileanna a leasú agus a dhaingniú</td><td colspan="2">Obair na mbord bainistíochta a neartú chun cuntasacht agus freagracht i mbainistiú scoileanna a chinntiú</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cur chun cinn oibre chun éagsúlacht i bpátrúnacht scoile a bhaint amach</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Cairt Tuismitheora agus Dalta a chur chun cinn – páirtíocht tuismitheora a neartú i scoileanna trí sholáthar ar leith sa Chairt</td><td>Cumas tuismitheoirí chun plé le scoileanna a chothú – tacaíocht dhírithe d’ionadaithe tuismitheoirí ar bhoird bhainistíochta</td><td rowspan="5">Cigireacht sheachtrach scoile níos minice<br><br>Samhlacha nua cigireachta a fhorbairt<br><br>Anailísí náisiúnta ar shonraí scoile a fhoilsiú<br><br>Tuairisciú níos minice agus níos cuimsithí chuig tuismitheoirí – cur leis an réimse saincheisteanna a bhfuil tuairisciú FMS riachtanach de agus an méid sonraí a bhfuiltear ag dúil leis<br><br>Forbairt príomhoidí agus múinteoirí agus córais feidhmiúcháin</td></tr>
<tr><td>An tsamhail nua phíolótach a chríochnú do leithdháileadh acmhainní tacaíochta teagaisc</td><td>Cur leis an chleachtas le leithdháileadh singil post i scoileanna DEIS a chruthú</td><td>Cur leis an chur chuige leithdháileadh‘pota singil’ do gach scoil</td><td rowspan="2">Bearta institiúide agus ciste chun scileanna ceannairí scoile a fheabhsú<br>Acmhainní cigireachta a mhéadú le tacú le bearta cuntasachta</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cur chun cinn na hoibre atá ar siúl faoi láthair chun próisis dhaingne féinmheastóireacht scoile a dhaingniú</td></tr>
<tr><td>Sonraíochtaí curaclaim a athbhreithniú – sraith leathan de thorthaí foghlama prionsabail le haghaidh pleanála agus measúnaithe</td><td>Solúbthacht a sholáthar do phríomhoidí bunscoile ath-imlonnú múinteoirí</td><td>Rogha a thabhairt do scoileanna maidir le hábhair atá ar fáil agus dáileadh ama d’ábhair</td><td rowspan="2">Infheistiú i gcoistí siollabais NCCA ag an dá leibhéal<br>Cur chun cin oibre atá ar siúl chun cumas gairmiúil ceannairí scoile a chothú<br>Íosmhéid leibhéil de fhorbairt leanúnach ghairmiúil a thabhairt d’fhorbairt múinteoirí<br>An tacaíocht a fheabhsú atá ar fáil ó leibhéal meánbhainistíochta i scoileanna</td></tr>
<tr><td>Curaclam, Oideolaíocht agus Measúnú,</td><td>Athruithe curaclaim a chur i bhfeidhm sa tsraith shóisearach</td><td colspan="2">Cur le raon na scrúduithe stáit ag deireadh na Sraithe Sinsearaí chun go mbeidh raon níos mó de cháilíochtaí lena n-áirítear cailíochtaí bainteach le gairmeacha.</td></tr>
<tr><td>Buiséid agus Maoiniú</td><td>Leanúint den socrú maidir le scoileanna oibreacha caipitil ar scála beag a bhainistiú</td><td>Deontais neamh-mhúinteora/deontais pá neamh-SNA a dhaingniú in aon deontas amháin agus údarás a thabhairt do scoileanna leis na hacmhainní sin a bhainistiú</td><td>Solúbthacht a thabhairt do scoileanna le múinteoir breise a fhostú nó acmhainní SNA le tacú le daltaí a bhfuil RSO acu</td><td>Córais ábhartha TFC a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an scoil as cistí<br>Feidhm iniúchta a bhunú laistigh den Roinn</td><td>Clár iniúchóireachta do gach scoil– bainistiú daingean airgid agus riachtanais a thuairisciú ar scoileanna</td></tr>
</table>

Roinn 3.5: Roghanna chun Neamhspleáchas Scoile a chur chun cinn– gníomhartha féideartha, tacaí atá de dhíth agus bearta cuntasachta

## 4. Na chéad chéimeanna eile: Cad e do bharúil?

Tá teimpléad **Foirm Thaiscthe** cruthaithe agus is féidir é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne anseo [Cuir isteach an Nasc].

Ba chóir aighneachtaí a chur trí ríomhphost chuig:
autonomyconsultation@education.gov.ie

Más fearr leat, is féidir an fhoirm a chur i gcló agus a chomhlánú i gcóip chrua agus a chur chuig:

Autonomy Consultation
Central Policy Unit
Department of Education and Skills
Marlborough Street, Dublin 1

Ba chóir aighneachtaí a bheith istigh roimh dheireadh an lae oibre **29 Eanáir 2016** ar a dhéanaí.